**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0521/2021**

13.10.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

ag leanúint as Ceisteanna i gComhair Freagra ó Bhéal B9-0000/2021 agus B9-0000/2021

de bhun Riail 136(5) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le Comhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, Glaschú, an Ríocht Aontaithe (COP26)
(2021/2667(RSP))

**Pascal Canfin, Lídia Pereira, Javi López, Nils Torvalds, Pär Holmgren, Catherine Griset, Petros Kokkalis**
thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

**B9-0521/2021**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Comhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, Glaschú, an Ríocht Aontaithe (COP26)**
**(2021/2667(RSP))**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus do Phrótacal Kyoto a ghabhann leis,

– ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint don 25ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP25), don 15ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe atá ag feidhmiú mar chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Kyoto (CMP15), agus don dara seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras (CMA2), a tionóladh i Maidrid, ón 2 go dtí an 13 Nollaig 2019,

– ag féachaint don chinneadh ó Bhiúró COP UNFCCC an 28 Bealtaine 2020, i gcomhar leis an Ríocht Aontaithe agus lena comhpháirtithe san Iodáil, Comhdháil Aeráide COP26 na Náisiún Aontaithe a chur siar de dheasca COVID-19 agus teacht le chéile arís i nGlaschú, an Ríocht Aontaithe ón 1 go dtí an 12 Samhain 2021,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),

– ag féachaint don Chruinniú Mullaigh domhanda maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide a tionóladh an 25 agus 26 Eanáir 2021,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (‘An Dlí Aeráide Eorpach’)[1],,

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Samhain 2019 maidir le Comhdháil 2019 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, Maidrid, an Spáinn[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Samhain 2019 maidir leis an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil[3],

– ag féachaint don rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don

[1] IO L 243, 9.7.2021, lch. 1
[2] IO C 232, 16.6.2021, lch. 30.
[3] IO C 232, 16.6.2021, lch. 28.

Eoraip[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2020 maidir le ról AE i ndáil le foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Nollaig 2020 ar Stráitéis AE maidir le hoiriúnú don athrú aeráide[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol[8],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 dar teideal *A new Circular Economy Action Plan for a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach: Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020)0098),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide], (COM(2021)0082),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh chun astaíochtaí méatáin a laghdú (COM(2020)0663),

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 25 Eanáir 2021 maidir le taidhleoireacht aeráide agus fuinnimh – dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis na hullmhúcháin do chruinnithe UNFCCC i nGlaschú ón 31 Deireadh Fómhair go dtí an 12 Samhain 2021,

– ag féachaint don tuarascáil measúnachta domhanda ar an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES);

– ag féachaint don tuarascáil speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le téamh domhanda 1.5°C, dá chúigiú tuarascáil mheasúnachta agus dá thuarascáil sintéise ina leith, dá thuarascáil speisialta maidir leis an athrú aeráide agus

[4] IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.
[5] Téacsanna a glacadh, P9_TA(2020)0212.
[6] Téacsanna a glacadh, P9_TA(2020)0382.
[7] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0143.
[8] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0277.

an talamh, agus dá thuarascáil speisialta maidir leis an aigéan agus an crióisféar in aeráid atá ag athrú,

– ag féachaint don tuarascáil ó Fhochomhlacht UNFCCC um Chomhairle Eolaíoch agus Theicneolaíoch an 29 Aibreán 2021 dar teideal *Ocean and climate change dialogue to consider how to strengthen adaptation and mitigation action* [Idirphlé maidir leis an aigéan agus leis an athrú aeráide chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir gníomhaíocht oiriúnacháin agus maolúcháin a neartú],

– ag féachaint do thuarascáil shuaitheanta an Choimisiúin Dhomhanda maidir le hOiriúnú an 10 Meán Fómhair 2019 dar teideal *Adapt now: a global call for leadership on climate resilience* [Oiriúnú a dhéanamh anois: Glao domhanda ar cheannaireacht maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide],

– ag féachaint do thuarascáil sintéise UNFCCC an 17 Meán Fómhair 2021 maidir le rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras,

– ag féachaint don 11ú tuarascáil ó Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le bearna astaíochta, an 9 Nollaig 2020.

– ag féachaint don tuarascáil ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh i mí na Bealtaine 2021 dar teideal *Net Zero by 2050 – A Roadmap for the Global Energy Sector* [Neodracht Charbóin faoi 2050: Treochlár don Earnáil Fuinnimh Dhomhanda],

– ag féachaint do thuarascáil Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe an 18 Feabhra 2021 dar teideal *Making Peace with Nature: a scientific blueprint to tackle the climate, biodiversity and pollution emergencies* [Síochán a dhéanamh leis an Dúlra: treoirphlean eolaíoch chun dul i ngleic le héigeandálaí aeráide, bithéagsúlachta agus truaillithe],

– ag féachaint do thuarascáil IPBES an 29 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *IPBES workshop on biodiversity and pandemics – workshop report* [Ceardlann IPBES maidir leis an mbithéagsúlacht agus paindéimí – tuarascáil ar an gceardlann],

– ag féachaint don tuarascáil ar an gceardlann comhurraithe ag IPBES-IPCC maidir leis an mbithéagsúlacht agus leis an athrú aeráide an 10 Meitheamh 2021,

– ag féachaint do thuarascáil ón Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta an Aibreán 2021 maidir le staid na haeráide domhanda in 2020,

– ag féachaint do Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030;

– ag féachaint do thuarascáil Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe an 6 Bealtaine 2021 dar teideal *Global Methane Assessment: Benefits and Costs of Mitigating Methane Emissions* [Measúnú Domhanda Meatáin: Sochair agus Costais a bhaineann le hAstaíochtaí Meatáin a Mhaolú],

– ag féachaint do na ceisteanna a cuireadh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún maidir le Comhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, Glaschú, an Ríocht Aontaithe (COP26) (O-000065 – B9-0000/2021 agus O-000066 – B9-0000/2021),

– ag féachaint do Riail 136(5) agus Riail 132(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tairiscint i gcomhair rún ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

A. de bhrí gur tháinig Comhaontú Pháras i bhfeidhm an 4 Samhain 2016; de bhrí, amhail ón 12 Deireadh Fómhair 2021, go raibh 191 de na 197 bPáirtí in UNFCCC tar éis a n-ionstraimí daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais a chur faoi bhráid na Náisiúin Aontaithe;

B. de bhrí gur chuir an tAontas agus na Ballstáit, an 17 Nollaig 2020, a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC), nuashonraithe, faoi bhráid UNFCCC, ina dtugtar gealltanas go ndéanfaidh an tAontas sprioc cheangailteach chun laghdú glan intíre uile-gheilleagair 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) i gcomparáid le leibhéil 1990 a bhaint amach faoi 2030, gan rannchuidiú ó chreidmheasanna idirnáisiúnta;

C. de bhrí, de réir thuarascáil 2020 ó Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) maidir le bearna astaíochtaí, nach leor na gealltanais a thug sínitheoirí Chomhaontú Pháras go dtí seo chun a sprioc choiteann a bhaint amach agus go mbeidh téamh domhanda os cionn 3 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch mar thoradh orthu; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil a ndóthain gníomhaíochta déanta ag go leor de na Páirtithe in UNFCCC fós lena bheith ar an mbealach ceart chun a NDCanna a chomhlíonadh agus go bhfuil cuid mhór den dul chun cinn atá déanta á fhritháireamh le bheartais fritorthúla amhail fóirdheontais leanúnacha do bhreoslaí iontaise agus tógáil gléasraí nua guail; ag tabhairt rabhadh, sa chomhthéacs sin, faoi na lúba dearfacha aischothaithe nádúrtha, a d’fhéadfadh iarmhairtí tubaisteacha a bheith acu ar an téamh domhanda;

D. de bhrí gur tháinig méadú leanúnach ar an tiúchan de GCTanna móra in 2020, d’ainneoin gur tháinig laghdú sealadach ar astaíochtaí i ngeall ar COVID-19, agus de bhrí go raibh an tiúchan dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) san atmaisféar ab airde le breis agus 3 milliún bliain ann, de réir na hEagraíochta Domhanda Meitéareolaíochta; de bhrí go raibh 2020 ar cheann de na trí bliana is teo ar taifead, le meánteocht 1.2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch; de bhrí gurbh é an tréimhse 2011-2020 an tréimhse is teo ar taifead;

E. de bhrí nach leor beartais intíre AE amháin chun srian a chur le hastaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa agus chun teorainn a chur leis an ardú teochta, i gcomhréir le Comhaontú Pháras; de bhrí go bhfuil gníomhaíocht dhomhanda chomhchoiteann, láithreach agus uaillmhianach ríthábhachtach chun an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

F. de bhrí go n-aithnítear i mbrollach Chomhaontú Pháras an tábhacht a bhaineann le sláine na n-éiceachóras uile, lena n-áirítear na haigéin, a áirithiú, agus de bhrí go gcuirtear i bhfios go láidir le hAirteagal 4(1)(d) de UNFCCC go gcuirfidh na Páirtithe ann bainistiú inbhuanaithe chun cinn, agus caomhnú agus feabhsú linnte agus thaiscumar gach GCT, lena n-áirítear bithmhais, foraoisí agus aigéin chomh maith le héiceachórais eile talún, chósta agus mhuirí; de bhrí go gcuirtear i bhfáth le hAirteagal 2(1)(b) de Chomhaontú Pháras gur cheart go ndéanfar oiriúnú don athrú aeráide agus

cothú athléimneachta agus astaíochtaí ísle GCT ar bhealach nach gcuirfidh an táirgeadh bia i mbaol; de bhrí go leagtar béim i dtuarascáil measúnachta domhanda IPBES maidir leis an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais go mbeidh úsáid inbhuanaithe an dúlra ríthábhachtach chun oiriúnú do thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach leis an gcóras aeráide agus chun í a mhaolú;

G. de bhrí gurb iad tionchair an athraithe aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta dhá cheann de na dúshláin agus na rioscaí is tábhachtaí do shochaithe daonna; ag tabhairt dá haire gur thug formhór na mbeartas a bhí ann roimhe seo aghaidh ar na fadhbanna a bhaineann leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta go neamhspleách;

H. de bhrí nár baineadh amach spriocanna bithéagsúlachta domhanda Aichi do 2020, rud a fhágann go bhfuil sé níos práinní fós an bhithéagsúlacht a chaomhnú ó thaobh uaillmhéine agus raon feidhme de;

I. de bhrí go bhfuil caomhnú na n-aigéan ríthábhachtach, ní hamháin mar phríomhfhoinse bia, ach freisin mar gheall ar a dtábhacht don timthriall carbóin, ina rialaítear an aeráid agus ina dtáirgtear formhór na hocsaigine san aer a análaimid; de bhrí go sonraítear i dtuarascáil speisialta IPCC maidir leis an aigéan agus leis an gcrióisféar go mbraitheann sásraí aeráide ar shláinte na n-aigeán agus go bhfuil tionchar ag téamh domhanda, truailliú, róshaothrú bithéagsúlachta muirí, aigéadú, dí-ocsaiginiú agus creimeadh cósta ar na héiceachórais muirí faoi láthair. de bhrí go meabhraítear sa tuarascáil freisin go bhfuil na haigéin ag éirí níos teo de réir a chéile, ó 1970 i leith, agus go bhfuil siad tar éis níos mó ná 90 % den farasbarr teasa sa chóras aeráide a ionsú, agus go bhfuil na haigéin mar chuid den réiteach chun éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dóibh; de bhrí gur gá, dá bhrí sin, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailliú éiceachóras a laghdú agus linnte nádúrtha carbóin a fheabhsú;

J. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag réitigh dhúlrabhunaithe agus ag cur chuige éiceachórasbhunaithe maidir leis an maolú ar an athrú aeráide agus an t-oiriúnú don athrú sin; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach linnte carbóin nádúrtha atá ann cheana agus atá ag feidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear taiscumair charbóin sna haigéin, a chosaint agus a athbhunú;

K. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag foraoisí sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus iad ag feidhmiú mar linnte carbóin, a ionsúnn thart ar 2 bhilliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana; de bhrí go bhfuil foraoisí an domhain a chosaint agus a fheabhsú ar cheann de na cineálacha gníomhaíochta ar son na haeráide is costéifeachtaí dá bhfuil ann agus, dá ndéanfaí é sin a chur chun feidhme ina iomláine, go bhféadfaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú thart ar 15 gigeathonna $CO_2$ in aghaidh na bliana faoi 2050. D'fhéadfadh sé gur leor an méid sin chun an téamh domhanda a theorannú go mór faoi bhun 2 °C

L. de bhrí go bhféadfaidh dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a laghdú rannchuidiú le raon leathan astaíochtaí gás ceaptha teasa arb é an duine is cúis leo a laghdú, ó choibhéis gigeathonna $CO_2$ 0.4 go 5.8 gach bliain[9];

[9] tuarascáil ar an gceardlann comhurraithe ag IPBES-IPCC maidir leis an mbithéagsúlacht agus leis an athrú

M. de bhrí gurb é talamh atá reoite go buan, ar a dtugtar talamh síorshioctha freisin, atá ar an gceathrú cuid den Leathsféar Thuaidh; de bhrí, mar thoradh ar an ardú ar an teocht dhomhanda, go bhfuil an talamh síorshioctha Artach ag leá ag luas nach bhfacthas riamh roimhe seo; de bhrí gur taiscumar ollmhór gás ceaptha teasa é an talamh síorshioctha a bhfuil sé d'acmhainn aige suas le 1 600 gigeathonna de $CO_2$ a choinneáil – beagnach dhá oiread an mhéid atá san atmaisféar faoi láthair – agus meatán agus ocsaíd nítriúil a choinneáil freisin; de bhrí go bhféadfadh a scaoileadh dlús tromchúiseach a chur leis an téamh domhanda agus go rachadh sé in olcas[10];

N. de bhrí, de réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, go mbeidh an t-athrú aeráide atá á réamh-mheas ina chúis le tuairim is 250 000 bás breise in aghaidh na bliana faoi 2030 agus go meastar go mbeidh na costais a bhaineann le damáiste díreach don tsláinte idir USD 2 agus 4 bhilliún in aghaidh na bliana faoi 2030;

O. de bhrí i gcásanna áirithe go bhféadfadh baol níos mó galar teacht chun cinn mar thoradh ar chailliúint na bithéagsúlachta a bhaineann le claochlú na dtírdhreach, i gcásanna ina bhfuil speicis atá in ann dul in oiriúint go maith do thírdhreacha ina bhfuil forlámhas ag an duine in ann pataiginí a bhfuil riosca ard tarchuir zónóisigh ag baint leo a iompar;

P. de bhrí go bhfuil dlúthnasc idir an truailliú aeir agus an t-athrú aeráide agus go bhfuil roinnt de na foinsí antrapaigineacha céanna á roinnt acu; de bhrí, de réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, go bhfaigheann thart ar 4.2 milliún duine ar fud an domhain bás gach bliain de dheasca stróc, galar croí, ailse scamhóg, agus géarghalair riospráide ainsealacha arb é truailliú an aeir chomhthimpeallaigh is cúis leo;

Q. de bhrí, de réir Oifig na Náisiún Aontaithe um Laghdú Rioscaí Tubaistí, go bhfuil beagnach méadú faoi dhó tagtha ar líon na dtubaistí a taifeadadh agus ar scála na gcaillteanas eacnamaíoch le 20 bliain anuas, agus gur tháinig ardú suntasach ar líon na dtubaistí a bhaineann leis an aeráid mar gheall ar an méid sin;

R. de bhrí go bhfuil tionchar cheana féin ag an athrú aeráide agus ag na héifeachtaí tubaisteacha a ghabhann leis ar phatrúin imirce; de bhrí, de réir staidéar ón mBanc Domhanda ó 2018, go bhféadfadh sé go mbeadh ar bheagnach 3 % de dhaonra réigiúin na hAfraice Fo-Shahárach, na hÁise Theas agus Mheiriceá Laidinigh bogadh laistigh dá dtíortha féin chun éalú ó thionchair an athraithe aeráide atá ag tarlú go mall[11]; de bhrí, gan iarrachtaí comhbheartaithe oiriúnacháin, go bhfuil an baol ann, i gcás breis agus 700 milliún duine a bhfuil cónaí orthu i limistéir chósta ísle agus stáit oileánacha bheaga, go mbeidh stoirmeacha níos déine ann, tuilte agus i ndeireadh na dála caillteanas talún agus athshocrú;

S. de bhrí gurb é Comhaontú Pháras an chéad chonradh idirnáisiúnta lena n-aithnítear go

---

aeráide, an 10 Meitheamh 2021.

[10] Natali, S. M., et al., *Permafrost carbon feedbacks threaten global climate goals, Proceedings of the National Academy of Sciences of the United States of America*, [Aischothú carbóin talún síorshioctha – bagairt ar spriocanna aeráide domhanda, Imeachtaí Acadamh Náisiúnta Eolaíochtaí Stáit Aontaithe Mheiriceá,] 118 (21), 25 Bealtaine 2021.

[11] Rigaud, K. K. et al., *Groundswell: Preparing for Internal Climate Migration*, World Bank Group [Groundswell: Ullmhú don Imirce Inmheánach Aeráide, Grúpa an Bhainc Dhomhanda], an 19 Márta 2018.

sainráite an nasc idir gníomhaíocht ar son na haeráide agus cearta an duine, agus ar an gcaoi sin go gceadaítear ionstraimí dlí atá ann cheana, agus a bhaineann le cearta an duine, a úsáid chun stáit agus corparáidí príobháideacha a spreagadh chun astaíochtaí a laghdú; de bhrí nach bhfuil aon ionstraimí nithiúla i gComhaontú Pháras chun go mbeidh gníomhaithe stáit agus corparáideacha freagrach as an tionchar a bhíonn acu ar an athrú aeráide agus ar fheidhmiú chearta an duine;

T. de bhrí go bhfuil gné shuntasach de chearta an duine ag baint leis an athrú aeráide freisin, toisc go ndéanann sé difear go díreach agus go hindíreach d'fhíorú roinnt cearta daonna atá aitheanta go huilíoch, agus an tionchar is mó aige ar ghrúpaí leochaileacha amhail mná, leanaí, daoine scothaosta, daoine breoite, grúpaí ar ioncam íseal agus pobail dhúchasacha; de bhrí go bhfuil Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus Comhaontú Pháras bunaithe ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine agus ar ghealltanas na stát an córas aeráide a chosaint ar mhaithe leis an nglún seo agus leis na nglúnta atá le teacht; de bhrí go gcuireann an t-athrú aeráide leis na dúshláin a bhíonn roimh phobail dhúchasacha faoi láthair agus go dtagann imeallú agus neamhionannas cultúrtha, eacnamaíoch agus polaitiúil níos doimhne fós as;

U. de bhrí go bhfuil an ghníomhaíocht ar son na haeráide ar cheann de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015 mar chuid de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe;

V. de bhrí gur thug na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide gealltanas in 2009 USD 100 billiún in aghaidh na bliana a shlógadh ón mbliain 2020 ar aghaidh, a athdhearbhaíodh ina dhiaidh sin i gComhaontú Pháras; de bhrí go bhfuil gealltanais iarbhír na dtíortha forbartha fós i bhfad amach ón sprioc chomhchoiteann, áfach; de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar thionchair agus riachtanais an athraithe aeráide i dtíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus i stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha;

W. de bhrí go meastar i gClár Forbartha na Náisiún Aontaithe go mbeidh USD 140-300 billiún ag teastáil gach bliain faoi 2030 chun riachtanais oiriúnacháin na dtíortha i mbéal forbartha amháin a chumhdach, agus go dtiocfaidh ardú ar an méid sin go USD 280-500 billiún in aghaidh na bliana faoi 2050[12];

X. de bhrí go dtugann an mhoill thubaisteach bliana ar Chomhdhálacha 2020 de Chomhdháil Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus den Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) mar gheall ar ráig COVID-19 deis uathúil chun athrú ó mhúnla frithghníomhach go samhail réamhghníomhach agus réamhchúraim agus i ndeireadh thiar thall an t-athrú claochlaitheach is gá a bhaint amach; de bhrí leis an dul chun cinn nua eolaíoch gur cheart tionchar a bheith aige sin ar na naisc idir cláir oibre idirnáisiúnta agus a gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus iad a neartú;

Y. de bhrí, agus an domhan ag dul i ngleic le tionchair leanúnacha phaindéim COVID-19,

---

[12] Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, *The trillion dollar climate finance challenge (and opportunity)* [An dúshlán (agus an deis) a bhaineann leis an trilliún dollar chun an troid i gcoinne an athraithe aeráide a mhaoiniú], an 27 Meitheamh 2021.

nach bhfuil deireadh tagtha leis an ngéarchéim aeráide; de bhrí gur cheart leas a bhaint as an téarnamh eacnamaíoch mar dheis uathúil chun luas an aistrithe i dtreo aeráidneodracht a luathú agus chun bealach 1.5 °C a áirithiú trí shamhail shocheacnamaíoch atá comhoiriúnach le teorainneacha an phlainéid a fhorbairt agus infheistíochtaí a threorú i dtreo athbhunú na n-éiceachóras nádúrtha agus ar an gcaoi sin an acmhainn oiriúnacháin éiceachórais a neartú, agus infheistíochtaí a threorú i dtreo réimsí tosaíochta amhail éifeachtúlacht fuinnimh, táirgeadh inbhuanaithe bia, teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite, teicneolaíochtaí nuálacha agus inbhuanaithe atá saor ó astaíochtaí agus an bonneagar gaolmhar is gá, agus infheistíochtaí a atreorú ó ghníomhaíochtaí a dhéanann díobháil don aeráid agus don chomhshaol, tríd an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chuíchóiriú i ngach cinneadh infheistíochta; de bhrí gur cheart, le linn an phróisis aistrithe seo, aird chuí a thabhairt ar na héagsúlachtaí idir riachtanais agus cumais na réigiún, agus prionsabail an aistrithe chóir á n-urramú ag an am céanna;

Z. de bhrí, de réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, go gciallaíonn ‘athrú córasach’ athrú bunúsach, claochlaitheach agus trasearnálach arb é atá i gceist leis go ndéantar mórathruithe ar spriocanna córas, dreasachtaí, teicneolaíochtaí, cleachtais agus noirm shóisialta, agus ar chórais eolais agus cur chuige rialachais, agus go ndéantar iad a athdhíriú. de bhrí, i gcás chroíchórais na sochaí, go gciallaíonn sé sin athmhachnamh a dhéanamh, ní hamháin ar theicneolaíochtaí agus ar phróisis táirgthe ach freisin ar phatrúin tomhaltais agus ar bhealaí maireachtála i bhfianaise roghanna malartacha níos inbhuanaithe a dhíríonn, mar shampla, ar an ndea-bhail agus ar an athléimneacht[13];

AA. de bhrí go bhféadfadh réitigh dhúlrabhunaithe agus cineálacha cur chuige éiceachórasbunaithe naisc láidre beartais a chur ar fáil idir UNFCCC, CBD agus an Coinbhinsiún Rio eile maidir le fairsingiú fásaigh, rud a thugann deis d’uachtaránachtaí agus rúnaíochtaí na dtrí chomhaontú oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar chaillteanas na bithéagsúlachta ar bhealach comhtháite agus comhleanúnach;

AB. de bhrí gur deis uathúil iad an Comhaontú Glas don Eoraip agus an plean *NextGenerationEU* chun geilleagar AE a neartú agus a dhéanamh níos nuálaí, níos iomaíche agus níos dírithe ar an todhchaí, agus ar an gcaoi sin foráil a dhéanamh do cheannaireacht na hEorpa i réimse an gheilleagair ghlais agus an múnla sóisialta Eorpach agus geilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a fhorbairt;

AC. de bhrí go meastar go mbeadh na rioscaí a bhaineann leis an aeráid lena ndéantar difear do shláinte, slite beatha, slándáil bia, soláthar uisce agus fás eacnamaíoch i bhfad níos airde dá mba rud é go mbeadh téamh domhanda 2 °C ann; de bhrí go meastar go laghdófaí an tionchar ar éiceachórais talún, fionnuisce agus cósta agus go gcoinneofaí níos mó dá seirbhísí a fhreastalaíonn ar an duine ach an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C in ionad 2 °C; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, iarrachtaí a dhéanamh an t-ardú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

---

[13] An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, *Building the foundations for fundamental change* [An dúshraith a thógáil le haghaidh athrú ó bhonn], an 4 Meitheamh 2021.

AD. de bhrí go mbeadh an tAontas ina eiseamláir ceannaireachta ríthábhachtach chun go mbeadh tríú tíortha rannpháirteach sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus, ar an gcaoi sin, leibhéal na huaillmhéine domhanda aeráide a ardú;

AE. de bhrí nach mór do AE a fhreagracht le haghaidh na n-astaíochtaí stairiúla gás ceaptha teasa agus na bearna forbartha idir an Domhan Thuaidh agus an Domhan Theas Domhanda a aithint, agus gníomhú dá réir;

AF. de bhrí, i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(c) de Chomhaontú Pháras, go bhfuil ríthábhacht le sreafaí airgeadais a dhéanamh i gcomhréir le conair i dtreo astaíochtaí ísle GCT agus le forbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de chun bagairt an athraithe aeráide a chomhrac;

AG. de bhrí go bhfuil feasacht an phobail agus rannpháirtíocht na saoránach i ngníomhaíocht ar son na haeráide ag dul i méid; de bhrí go n-éilíonn saoránaigh níos mó gníomhaíochta ó rialtais agus bearta uaillmhianacha chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide;

AH. de bhrí go ndearnadh an dara tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto a thabhairt i gcrích an 31 Nollaig 2020; de bhrí gur cuireadh ar athló an treoir maidir leis an gcaoi ina bhféadfaí laghduithe ar astaíochtaí a mheas tar éis an 31 Nollaig 2020; de bhrí gur tugadh bearta sealadacha isteach chun gníomhaíochtaí an tsásra forbartha ghlain a leathnú i ndiaidh 2020; de bhrí go bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh Cruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Kyoto le chéile i gcomhar le COP26 i nGlaschú;

1. á mheabhrú go bhfuil an t-athrú aeráide agus caillteanas na bithéagsúlachta i measc na ndúshlán is tábhachtaí atá os comhair an chine dhaonna agus nach mór do gach rialtas ar fud an domhain a ndícheall a dhéanamh chun iad a chomhrac gan mhoill; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhar idirnáisiúnta, le rannpháirtíocht gníomhaithe neamhstáit, le dlúthpháirtíocht agus le gníomhaíocht chomhleanúnach a bhfuil an eolaíocht mar bhonn taca leo agus le tiomantas daingean chun an uaillmhian a mhéadú ó thaobh an fhreagracht chomhchoiteann atá orainn maidir leis an téamh domhanda a theorannú agus cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, agus ar an gcaoi sin an pláinéad agus folláine gach duine a chosaint; á thabhairt dá haire, i ndáil leis an méid sin, gur iarr Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, ar na rialtais uile ar fud an domhain éigeandáil aeráide a fhógairt go dtí go mbeidh glanastaíochtaí gás ceaptha teasa bainte amach;

2. á chur in iúl gur cúis imní di torthaí thuarascáil 2020 maidir le bearna astaíochtaí Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, go háirithe go bhfágfaí an domhan ag dul i dtreo ardú teochta 3.2 °C, in ainneoin laghdú sealadach ar astaíochtaí CO2 mar thoradh ar phaindéim COVID-19, atá tuartha faoi na NDCanna gan choinníoll a cuireadh isteach, dá gcuirfí chun feidhme go hiomlán é; á chur in iúl gur geal léi na nuashonraithe ar na NDCanna a fógraíodh go dtí seo, atá tar éis cur leis an uaillmhian aeráide; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, áfach, nach leor an rannchuidiú sin fós chun astaíochtaí a mhaolú chun sprioc Chomhaontú Pháras a bhaint amach; á chur in iúl gur cúis mhór imní di tuarascáil sintéise UNFCCC NDC i mí Mheán Fómhair 2021, inar léiríodh, nuair a chuirtear le chéile iad, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar na hastaíochtaí GCT domhanda a cuireadh isteach roimh an 30 Iúil 2021 - méadú 16 % in 2030 i gcomparáid le 2010; á chur i bhfios go láidir, de réir an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú

Aeráide, gurb ionann an chonair go 1.5 °C agus laghduithe 45 % ar a laghad ar astaíochtaí domhanda faoin mbliain 2030 le hais leibhéil 2010;

3. ag meabhrú an chinnidh a glacadh le déanaí ó chúirt bhunreachtúil lena rialaíodh nach bhfuil cosaint na haeráide faoi lánrogha pholaitiúil agus go bhfuil dualgas bunreachtúil ar an stát aeráidneodracht a bhaint amach leis na forálacha maidir le cosaint an chomhshaoil sa bhunreacht;

4. á chur i bhfios go láidir, de réir na tuarascála maidir le bearna astaíochtaí 2020, go bhféadfadh laghdú de thart ar 25 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith ann faoi 2030 leis an téarnamh glas ón bpaindéim, rud a chuirfeadh iad laistigh de raon na n-astaíochtaí a bhfuil seans 66 % acu chun teochtaí a choinneáil faoi bhun 2 °C, cé nach leor go fóill é chun an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, go bhféadfadh na bearta téarnaimh tionchar mór a imirt ar cibé an bhfuil spriocanna Chomhaontú Pháras á gcomhlíonadh; á iarraidh ar na rialtais gach iarracht a dhéanamh chun téarnamh glas a chur chun feidhme agus, ag an am céanna, a ngealltanais a neartú i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras, feabhas a chur ar a gcuid NDCanna roimh COP26 agus beartais eolaíochtbhunaithe a ghlacadh; á chur i bhfáth, de réir taighde a rinneadh le déanaí, gur beartas aeráide 'optamach ó thaobh an gheilleagair de'[14] atá i gceist le sprioc teochta Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

5. á chur in iúl gur geal léi tiomantas G7 iarrachtaí uaillmhianacha agus brostaithe a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú chun an teorainn ar ardú teochta 1.5 °C a choinneáil slán[15]; á mheabhrú go mbeadh go leor comhthairbhí don chomhshaol, don gheilleagar, don tsochaí agus don tsláinte phoiblí mar thoradh air sin; á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtíortha atá ag gabháil orthu féin spriocanna maidir le glanastaíochtaí a bhaint amach faoi lár an chéid; á chur i bhfios go láidir, áfach, nach mór na gealltanais sin a aistriú go práinneach ina mbeartais ghearrthéarmacha, ina ngníomhaíocht agus ina n-acmhainní airgeadais láidre, agus nach mór iad a léiriú sna NDCanna athbhreithnithe atá le cur isteach roimh COP26 i bhfoirm spriocanna aeráide méadaithe do 2030 chun astaíochtaí domhanda a bhaint amach a luaithe is féidir; á áitiú ar G20 ról ceannasach a ghlacadh chun uaillmhian ghearrthéarmach agus fhadtéarmach a ardú;

6. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil na geilleagair dhomhanda is mó in iomaíocht lena chéile i dtreo na haeráidneodrachta cúig bliana tar éis do Chomhaontú Pháras teacht i bhfeidhm; ag tarraingt aird ar an bhfíric go bhfuil gá le tacaíocht a thabhairt do ghlangheallttanais neodracha ó straitéisí fadtéarmacha a chuirtear faoi bhráid UNFCCC; ag cur béim ar an ngá atá ann bearta agus beartais éifeachtacha a dhéanamh de na gealltanais sin ar gach leibhéal agus ar fud na n-earnálacha uile;

7. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé deireadh a chur de réir a chéile le gach breosla iontaise a luaithe is féidir; ag aithint na gconclúidí ó thuarascáil na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh dar teideal 'Neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050', ina

[14] Hänsel, M. C., Drupp, M. A., Johansson, D. J. A., Nesje, F., Azar, C., Freeman, M. C., Groom, B. agus Sterner, T., '*Climate economics support for the UN climate targets*' [Tacaíocht don eacnamaíocht aeráide do spriocanna aeráide na Náisiún Aontaithe], *Nature Climate Change,* 10, lgh. 781-789, 2020.
[15] Cruinniú Mullaigh G7, Cuan Carbis, an 11-13 Meitheamh 2021.

léirítear go bhfuil meath mór tagtha ar an éileamh ar bhreoslaí iontaise, agus, mar sin, nach gá infheistíocht a dhéanamh i soláthar nua breoslaí iontaise, agus gur gá, chun an sprioc 1.5 °C a bhaint amach, nach ndéanfar aon réimsí nua ola agus gáis a fhormheas le haghaidh forbartha agus nach dtógfar mianaigh ghuail nua ná nach gcuirfear síneadh leo ó 2021 amach; ag tacú le tiomantas G7 deireadh a chur le maoiniú guail gan staonadh faoi dheireadh 2021; á iarraidh ar thíortha G7 dea-shampla a thabhairt maidir leis an aistriú fuinnimh agus deireadh a chur le gach infheistíocht nua in eastóscadh breoslaí iontaise; ag tacú le hUachtaránacht COP26, leis an Ríocht Aontaithe agus leis an gComhghuaillíocht um Deireadh a chur le hÚsáid Guail chun comhaontú a lorg chun stop a chur le tógáil aon ghléasraí nua cumhachta gualbhreoslaithe gan choinne; á aithint nach bhfuil aon ról fadtéarmach ag breoslaí iontaise i meascán fuinnimh an Aontais agus á iarraidh ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, pleananna náisiúnta a ghlacadh chun deireadh a chur de réir a chéile le breosla iontaise go léir a luaithe is féidir chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí;

8. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an spéis dhomhanda atá ag dul i méid i gcúltacaí na mbreoslaí iontaise san Artach, atá ag fáil níos inrochtana de réir mar a chúlaíonn an muiroighear mar gheall ar an athrú aeráide; ag cur béim ar leochaileacht an dúlra san Artach agus ar an deacracht mhór a bhaineann leis an éiceachóras a ghlanadh tar éis doirteadh ola ó shéidte, sceitheadh píblíne nó tionóiscí loingseoireachta; á thathant ar AE agus ar a chuid Ballstát a iarraidh go gcuirfí moratóir domhanda i bhfeidhm i gcoinne taiscéalaíocht ola amach ón gcósta san Artach;

9. ag cur béim ar an ngá atá ann comhghuaillíochtaí idirnáisiúnta a atógáil chun toradh a bhfuil ard-uaillmhianta agus ard-leibhéal sláine comhshaoil aige a bhaint amach ag COP 26; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú go dlúth le hastaírí móra, le tíortha leochaileacha aeráide, le comhpháirtithe trasatlantacha agus le hUachtaránacht na Ríochta Aontaithe ar COP26 chun tograí polaitiúla a thabhairt ag an gcomhdháil maidir leis an gcaoi ar cheart do thíortha dlús a chur le gníomhaíocht chun an bhearna uaillmhéine a dhúnadh chun an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 1.5 °C; á mholadh don Aontas dlús a chur lena chaidreamh agus forbairt comhghuaillíochta leis na tíortha atá i mbéal forbartha agus na tíortha is leochailí, chun gníomhú mar thógálaí idirlinne idir tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha, a bhí ríthábhachtach go stairiúil chun na torthaí is uaillmhianaí a bhaint amach ag COPanna;

10. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an tUachtarán Biden beart chun na Stáit Aontaithe a chur ar ais i gComhaontú Pháras ar a chéad lá in oifig agus go bhfuil sé tiomanta astaíochtaí gás ceaptha teasa na Stát Aontaithe a laghdú de leath faoi 2030 i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 2005 agus go bhféachfadh sé le glanastaíochtaí neodracha a bhaint amach faoi 2050; ag dréim leis go ndéanfar bearta nithiúla beartais agus sreabha nithiúla airgeadais go tráthúil chun gealltanais SAM a chomhlíonadh; ag cur béim ar a thábhachtaí atá an chomhpháirtíocht agus an cheannaireacht idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach; á thabhairt chun suntais go bhfuil an dul i ngleic leis an athrú aeráide, díghrádú an chomhshaoil agus cailliúint na bithéagsúlachta, cur chun cinn an fháis ghlais agus cosaint na n-aigéan i gcroílár an Chláir Oibre Chomhpháirtigh Thrasatlantaigh nua, agus go bhfuil an tAontas agus na Stáit Aontaithe tiomanta i gcomhpháirt le chéile gach iarracht a dhéanamh teorainn 1.5 °C a choinneáil ar an ardú teochta domhanda; ag aithint iarrachtaí an Uachtaráin Biden chun dlús a chur leis an uaillmhian dhomhanda maidir le gníomhú ar

son na haeráide, lena n-áirítear trí Chruinniú Mullaigh Aeráide na gCeannairí a thionól i mí Aibreáin 2021;

11. ag tabhairt chun suntais ról na Síne mar an dara geilleagar is mó ar domhan agus ar an tír ina bhfuil na hastaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa is airde; ag aithint thoilteanas na Síne feidhmiú mar fhórsa cuiditheach sa chaibidlíocht dhomhanda maidir leis an aeráid; á thabhairt dá haire, áfach, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil leibhéal ard spleáchais leanúnach aige ar ghual i gcónaí, agus á mholadh dá rialtas tuilleadh a dhéanamh chun dlús a chur leis an aistriú glas mar réamhriachtanas lárnach chun spriocanna domhanda Chomhaontú Pháras a bhaint amach; ag tabhairt dá haire an fhógra a thug an tUachtarán Xi Jinping i mí Mheán Fómhair 2020 go mbainfeadh an tSín buaic in astaíochtaí CO2 amach roimh 2030 agus neodracht carbóin roimh 2060; á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcumhdófaí leis na gealltanais sin na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fad; ag dréim le gealltanais bhreise chomh maith le bearta nithiúla beartais agus sreabha airgeadais ailínithe chun iad a bhaint amach;

12. ag cur béim ar an bhfíoras gurb iad na hathruithe comhshaoil domhanda céanna is cúis le paindéimí, de réir IPBES, lena spreagtar cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide, lena n-áirítear athrú ar thalamhúsáid, leathnú talmhaíochta agus diansaothrú, agus trádáil agus tomhaltas fiadhúlra, chomh maith le tiománaithe eile; á chur i bhfáth go bhfuil sé léirithe ag an bpaindéim a thábhachtaí atá prionsabail na ‘hAon Sláinte Amháin’ agus ‘na mBeartas lena gcuimsítear cúrsaí sláinte i ngach réimse’ i gceapadh beartais agus go bhfuil gá le hathruithe claochlaitheacha; á mheabhrú go n-aithnítear an ceart chun sláinte mar phríomhcheart sa bhrollach a ghabhann le Comhaontú Pháras. á chur i bhfios go láidir, de réir Airteagal 4(1)(f) de UNFCCC, gur cheart do na Páirtithe uile sa Choinbhinsiún ‘modhanna iomchuí a úsáid, mar shampla measúnuithe tionchair, arna bhfoirmliú agus arna gcinneadh go náisiúnta, d’fhonn go n-íoslaghdófar na héifeachtaí díobhálacha ar an ngeilleagar, ar an tsláinte poiblí agus ar cháilíocht an chomhshaoil a bhíonn ag tionscadail nó bearta a dhéanann siad chun an t-athrú aeráide a mhaolú nó chun oiriúint don athrú aeráide’; á mheas gur cheart an tsláinte a áireamh i bpleananna oiriúnaithe náisiúnta agus i gcumarsáid náisiúnta chuig UNFCCC;

13. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hinfheistíocht ollmhór agus le claochlú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ar earnálacha uile ár ngeilleagar chun cuspóirí Chomhaontú Pháras agus a spriocanna maidir le haeráidneodracht a bhaint amach; á chreidiúint nach féidir an t-athrú sin i dtreo múnla nua eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach ach amháin má ráthaítear leis aistriú cothrom, lena gcomhcheanglaítear dul chun cinn sóisialta agus éiceolaíoch, lena gcuirtear feabhas ar fholláine daoine agus lena gcinntítear nach bhfágtar aon duine ar gcúl;

***COP26 i nGlaschú***

14. á chur in iúl gurb oth léi an easpa dul chun cinn a bhí ann ag COP25 i Maidrid in 2019 agus easpa gealltanas agus trédhearcachta ó roinnt Páirtithe; á chur in iúl gurb oth léi gur cuireadh an bhailchríoch ar Leabhar Rialacha Chomhaontú Pháras siar go COP eile i ndiaidh COP26, agus go bhféadfadh toradh níos uaillmhianaí a bheith ar an bplé maidir le caillteanas agus damáiste; ag aithint, in ainneoin na ndeacrachtaí eagraíochtúla, an dul chun cinn a rinneadh maidir le gnéithe tábhachtacha, amhail an ghné shóisialta a chur chun cinn sa chlár oibre don aeráid, agus ollslógadh gníomhaithe

neamhstáit;

15. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach go gcruthófar comhdhearcadh nua le COP26 maidir leis an ngníomhaíocht agus leis an uaillmhian aeráide is gá chun aeráidneodracht dhomhanda a bhaint amach faoi lár an chéid agus maidir le bearta láidre beartais sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma;

16. á iarraidh ar na Páirtithe uile in UNFCCC, i gcomhar le réigiúin agus le gníomhaithe neamhstáit, go háirithe an tsochaí shibhialta, rannchuidiú ar bhealach cuiditheach leis an bpróiseas roimh COP26, ar próiseas é ar gá feabhas a chur ar na NDCanna lena linn chun a áirithiú go bhfuil siad comhoiriúnach le sprioc fhadtéarmach teochta Chomhaontú Pháras agus leis an eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus go léiríonn siad an leibhéal uaillmhéine is airde is féidir a bheith ag na Páirtithe; á chur i bhfáth, ós rud é nach leor na gealltanais atá ann faoi láthair chun spriocanna an Chomhaontaithe a bhaint amach agus nach mór astaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa a bhuaicphointe a bhaint amach go práinneach agus, ina dhiaidh, a laghdú go mór, gur cheart do na Páirtithe uile dlús a chur lena n-iarrachtaí agus a NDCanna a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus á iarraidh go háirithe ar an Aontas agus ar gach náisiún G20 ceannaireacht dhomhanda a léiriú i ndáil leis sin, agus gealltanas a thabhairt aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí;

17. á thabhairt chun suntais, de réir thuarascáil 2020 maidir le bearna astaíochtaí Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, gurb ionann astaíochtaí an 1 % is saibhre den daonra domhanda agus breis agus dhá oiread an sciar iomlán den 50 % is boichte; á thabhairt dá haire go dtugtar le fios le tuilleadh taighde[16] go raibh an 10 % is saibhre de shaoránaigh AE freagrach as beagnach trian d’astaíochtaí tomhaltais charnaigh an Aontais idir 1990 agus 2015, agus gur tháinig laghdú 24 % ar thomhaltas iomlán bliantúil na 50 % is boichte de shaoránaigh an Aontais le linn na tréimhse céanna agus gur tháinig méadú 3 % ar astaíochtaí iomlána an 10 % is saibhre de shaoránaigh an Aontais; ag cur béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an gcothromas agus Comhaontú Pháras á chur chun feidhme, agus gur gá don Aontas srian a chur le hastaíochtaí ón gcuid is saibhre dár sochaí agus iad a laghdú go mór, agus tacaíocht a thabhairt do na teaghlaigh is boichte chun aistriú cóir a áirithiú;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún dul i ngleic le mór-astairí CO2 eile chun club idirnáisiúnta aeráide a chruthú a bheidh ceannródaíoch sa chomhrac aeráidneodracht a bhaint amach, le spriocanna comhchoiteanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, sainmhíniú a bhunú ar chaighdeáin aonfhoirmeacha chun astaíochtaí a thomhas agus ar phraghsanna CO2, sainráite agus intuigthe, inchomparáide sna hearnálacha fuinnimh agus tionsclaíocha, agus maidir le tíortha a chosaint atá toilteanach bearta cosanta aeráide a chur chun feidhme ó na míbhuntáistí a bhaineann le hiomaíocht idirnáisiúnta trí chomhshásra coigeartaithe teorann carbóin;

[16] Oxfam, ‘*Confronting carbon inequality in the European Union. Why the European Green Deal must tackle inequality while cutting emissions*’ [Aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas carbóin san Aontas Eorpach. Na cúiseanna nach mór don Chomhaontú Glas don Eoraip dul i ngleic leis an neamhionannas agus astaíochtaí á laghdú ag an am céanna], 7 Mí na Nollag 2020.

19. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le leanúint de bhearta earnálacha dícharbónaithe neartaithe agus comhordaithe a shaothrú trí spriocanna agus comhar idir Páirtithe agus gníomhaithe eile a ailíniú; á iarraidh ar na Páirtithe Comhpháirtíocht Marrakech maidir le Gníomhaíocht Dhomhanda ar son na hAeráide a neartú mar spás chun gníomhaithe neamhstáit agus rialtais fhonáisiúnta a spreagadh chun gníomhú láithreach ar son na haeráide a bheidh dírithe ar an eolaíocht agus ar spriocanna an-uaillmhianacha agus chun comhfhoghlaim a chothú sna toghlaigh, sa geografaíocht agus sna hearnálacha chun dlús a chur le gníomhaíocht agus chun tacú leis an gceapadh beartais i ndáil le spriocanna Chomhaontú Pháras;

20. ag cur béim ar an ngá atá ann go réiteoidh COP26 na pointí atá fós gan réiteach i gclár oibre Chomhaontú Pháras le háirithiú go ndíreofar sa chéad chúig bliana eile ar fhorbairt agus neartú a chur chun feidhme agus a oibríochtaithe tuilleadh; á thathant ar na Páirtithe uile saincheisteanna atá fós gan réiteach a thabhairt i gcrích maidir le bailchríoch a chur ar Leabhar Rialacha Chomhaontú Pháras, go háirithe maidir le trédhearcacht, le creataí ama comhchoiteanna agus le sásraí comhoibritheacha faoi Airteagal 6, d'fhonn trédhearcacht agus sláine láidir comhshaoil a áirithiú agus an leibhéal is airde uaillmhéine a bhaint amach;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le rialacha idirnáisiúnta diana agus láidre i dtaca le hAirteagal 6 de Chomhaontú Pháras, ag tógáil ar Phrionsabail San José; á thabhairt chun suntais gur gá comhar idirnáisiúnta a spreagadh agus ag an am céanna gach cineál comhaireamh dúbailte a sheachaint chun sláine comhshaoil a áirithiú le laghduithe in astaíochtaí atá réadach, breise, intomhaiste, buan agus fíoraithe go neamhspleách, chun a áirithiú nach féidir aon aonaid a eisítear faoi Phrótacal Kyoto a áireamh i dtreo NDCanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus chun cosaint chearta an duine a ráthú; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le sciar na bhfáltas ó Airteagal 6 a úsáid chun an Ciste Oiriúnaithe a mhaoiniú; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le creat ama cúig bliana a thabhairt isteach agus á iarraidh ar AE seasamh a ghlacadh chun tacú le comhaontú maidir le creat ama comhchoiteann cúig bliana chun luas na gníomhaíochta ar son na haeráide a ghéarú;

22. á iarraidh go ndéanfaí an creat trédhearcachta feabhsaithe a oibríochtú, lena gcumhdáitear prionsabail na trédhearcachta, an chruinnis, na comhsheasmhachta, na hinchomparáideachta agus na hiomláine;

23. ag cur béim ar an bhfíoras go mbíonn tionchar ag an athrú aeráide ar dhaoine ar bhealaí éagsúla mar gheall ar thosca amhail inscne, aois, míchumas, eitneachas agus bochtaineacht agus go bhféadfadh an neamhionannas atá ann faoi láthair agus atá bunaithe ar inscne duine leochaileacht an duine sin a mhéadú maidir le tionchair dhosheachanta an athraithe aeráide, lena n-áirítear guaiseacha nádúrtha; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, gur glacadh Clár Oibre feabhsaithe Lima maidir le hInscne agus an Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne ag COP25 i Maidrid agus á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go pras iad; á chreidiúint nach mór an claochlú i dtreo sochaí inbhuanaithe a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach, cothrom agus comhionann, agus go bhfuil cothromaíocht inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní ríthábhachtach don chlaochlú sin; ag cur béim ar an ngá atá le príomhshruthú inscne níos éifeachtaí ar fud na gcuspóirí agus na spriocanna ábhartha uile; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta nithiúil a cheapadh chun na gealltanais a tugadh

maidir leis an bPlean Gníomhaíochta athnuaite maidir le hInscne a chomhlíonadh, agus chun pointe fócasach buan de chuid an Aontais maidir leis an athrú aeráide agus inscne a chruthú, ina mbeidh acmhainní buiséadacha leordhóthanacha, chun gníomhú ar son na haeráide ar bhealach atá freagrach ó thaobh inscne de a chur chun feidhme, agus chun faireachán a dhéanamh air san Aontas agus ar fud an domhain[17]; á chreidiúint go bhféadfadh sé sin sampla a thabhairt do Pháirtithe eile chun bearta comhchosúla a ghlacadh;

24. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil inscne á cur san áireamh de réir a chéile ag na Páirtithe ina gcuid NDCanna, agus á iarraidh ar na Páirtithe uile NDCanna a ghlacadh a fhreagraíonn do chúrsaí inscne agus atá cóir ó thaobh na sochaí de chun an ceartas aeráide a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur leis an gcomhleanúnachas idir an tacaíocht d'inscne agus don aeráid trí ionstraimí gníomhaíochta seachtraí agus tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na mban agus eagraíochtaí na mban sa rialachas agus sa chinnteoireacht a fheabhsú, tríd an rochtain atá acu ar mhaoiniú agus ar chláir lena dtacaítear le ról na mban i rialachas aeráide, agus go háirithe earnálacha amhail talmhaíocht agus foraoiseacht, agus béim ar leith á leagan ar mhná dúchasacha;

25. á chur in iúl gur cúis imní di an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag taisteal agus srianta eile a bhaineann le COVID-19 ar fhreastal cothrom agus cóir ag COP26; á iarraidh ar Uachtaránacht na Ríochta Aontaithe ar COP26 gach beart is gá a dhéanamh chun freastal leathan agus cuimsitheach a áirithiú, agus na bearta sláintíochta á n-urramú go hiomlán; á mheas gur cheart gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na tíortha uile atá i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha, in ann páirt a ghlacadh i COP26, agus á iarraidh ar Uachtaránacht na Ríochta Aontaithe na bacainní ar rannpháirtíocht a bhaineann leis an bpaindéim a shárú;

26. ag meabhrú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na dtíortha uile i bpróisis chinnteoireachta Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC); á chur i bhfáth gur gá an próiseas cinnteoireachta atá in UNFCCC faoi láthair a fheabhsú chun rannpháirtíocht níos fearr a thabhairt do thoscairí na dtíortha bochta agus leochaileacha; á iarraidh arís ar thoscaireacht an Aontais chuig na COPanna feabhas a chur ar an rannpháirtíocht le toscairí na dtíortha leochaileacha;

27. á chreidiúint go bhfuil freagracht stairiúil ar AE a bheith ar an sínitheoir is uaillmhianaí de chuid Chomhaontú Pháras, trína chuid gealltanas féin agus trí chúnamh a thabhairt do thíortha eile, agus gur cheart dó na freagrachtaí aeráide agus comhshaoil atá air a aithint agus gníomhú ina leith trí shampla inchreidte a thabhairt; ag meabhrú an phrionsabail 'freagrachtaí agus cumais faoi seach atá coiteann ach difreáilte' lena ndeonaítear freagracht ar leith don Aontas agus do na Ballstáit mar aon le cumas chun gníomhú;

***Beartas aeráide uaillmhianach de chuid AE agus an fhís fhadtéarmach***

[17] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 ar Stráitéis AE maidir le Comhionannas Inscne (Téacsanna arna nglacadh, P9_TA (2021)0025).

28. á thabhairt chun suntais gur glacadh an Dlí Aeráide Eorpach; ag dréim leis go ndéanfar na bearta is gá faoin gComhaontú Glas don Eoraip, agus go háirithe faoin bpacáiste reachtach um 'oiriúnú don sprioc 55 %', chun go mbeidh an tAontas agus a chuid Ballstát go hiomlán i gcomhréir le Comhaontú Pháras; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go dtabharfadh AE dea-shampla agus teachtaireacht shoiléir ag COP26 go bhfuil sé réidh le feabhas a chur ar a chuid NDCanna agus ar an méid a rannchuidíonn sé le Comhaontú Pháras, agus á iarraidh go dtabharfadh na Páirtithe eile gealltanais ar an leibhéal céanna;

29. á thabhairt chun suntais go bhfuil cuid den Aontas i measc réigiúin an domhain is mó atá buailte ag an athrú aeráide; ag tabhairt dá haire go n-éiríonn imchuach na Meánmhara te ar bhealach atá 20 % níos tapa ná an meán domhanda, agus go bhfuil an réigiún ar cheann de na háiteanna is mó ar domhan atá thíos leis an athrú aeráide, áit a meastar go mbeidh 250 milliún duine ag fulaingt de dheasca 'bochtaineacht uisce' laistigh de 20 bliain[18]; á chur i bhfios go láidir go bhfuil teocht na Meánmhara ag ardú de réir a chéile ar bhealach níos tapa ná mar atá in aon mhuir eile ar domhan[19] agus go bhfuil tionchar aige sin ar earnálacha tábhachtacha sa gheilleagar agus ar an éiceachóras muirí ina iomláine agus go mbeidh athruithe buana ar an éiceachóras agus ar speicis ann dá dheasca sin; á iarraidh ar AE gníomhú go práinneach agus oibriú i gcomhar lena chuid comhpháirtithe sa Mheánmhuir chun oibriú ar bhearta oiriúnúcháin uaillmhianacha agus chun na bearta maolaithe a stiúradh;

30. á chur i bhfáth go bhfuil rath an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ag brath ar na caighdeáin agus na noirm ábhartha atá ann a chur ar leibhéal domhanda go héifeachtach i gcomhpháirtíocht le tríú tíortha; ag meabhrú na gconclúidí ón gComhairle ó mhí Eanáir 2021 agus chuspóir an Choimisiúin ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda a neartú; á iarraidh go ndéanfaí straitéis oibríochtúil agus chomhleanúnach taidhleoireachta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a fhorbairt roimh COP27 san Afraic;

31. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé lorg comhshaoil an Aontais a laghdú d'fhonn ár gcuid gealltanas domhanda i leith na haeráide a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, áfach, nach bhfuil aon táscaire foirmiúil ag AE ann chun an lorg comhshaoil atá againn faoi láthair a thomhas, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil táscaire den sórt sin a ghlacadh;

32. á iarraidh arís ar an gCoimisiún, ós rud é gur glacadh an Dlí Aeráide Eorpach agus i bhfianaise ról tábhachtach na linnte carbóin nádúrtha ó thaobh aeráidneodracht a bhaint amach, sprioc uaillmhianach de chuid AE le haghaidh 2030 atá bunaithe ar eolaíocht a mholadh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint trí linnte carbóin nádúrtha, sprioc ar cheart di a bheith comhsheasmhach leis an Straitéis Bhithéagsúlachta go dtí 2030 agus ar cheart í a chumhdach sa reachtaíocht; á mheabhrú, thairis sin, nach mór go

---

[18] Saineolaithe na Meánmhara ar an Athrú Aeráide agus Comhshaoil, *Risks associated to climate and environmental changes in the Mediterranean region* [An baol a bhaineann leis an athrú aeráide agus comhshaoil i réigiún na Meánmhara], 2019.
[19] WWF Mediterranean Marine Initiative, *The climate change effect in the Mediterranean. Six stories from an overheating sea* [Éifeacht an athraithe aeráide sa Mheánmhuir. Sé scéal ó mhuir atá ag éirí róthe], an Róimh, an Iodáil, 2021.

mbeadh laghdú tapa na n-astaíochtaí mar thosaíocht i gcónaí;

33. á chur i bhfáth gur gá na spriocanna aeráid a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún an chaoi a ndéanann sé measúnuithe tionchair ar fud réimsí beartais uile an Aontais a thabhairt cothrom le dáta chun cur chun feidhme iomlán Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach a áirithiú; á mheas gur céadchéim ina threo sin é na tionscnaimh nua sa teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí dar teideal *Better regulation: Joining forces to make better laws* [Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh][20], go háirithe anailís 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a bheith á cur san áireamh i measúnuithe tionchair;

34. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról lárnach ag an bhfuinneamh inathnuaite agus an éifeachtúlacht fuinnimh san aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach; ag aithint an dul chun cinn atá déanta maidir le forbairt foinsí inathnuaite fuinnimh; ag tabhairt dá haire gur ann don togra ón gCoimisiún lena ndéantar athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite faoin bpacáiste um 'oiriúnú don sprioc 55 %', agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na spriocanna maidir le fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí agus chun Comhaontú Pháras a chomhlíonadh, trí leas a bhaint as an laghdú atá ann faoi láthair ar chostais an fhuinnimh inathnuaite agus na dteicneolaíochtaí stórála;

35. ag tabhairt dá haire gur ann don togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar chreat na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (LULUCF) faoin bpacáiste um 'oiriúnú don sprioc 55 %' agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé linnte nádúrtha a mhéadú agus réitigh atá bunaithe ar an éiceachóras a spreagadh agus, san am céanna, luach na n-éiceachóras éagsúil don bhithéagsúlacht á chur san áireamh mar aon leis an méid carbóin atá fós á bhaint agus á stóráil, chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí;

36. á mheas gur cheart an eolaíocht is déanaí maidir le héiceachórais agus linnte éagsúla carbóin a léiriú sna beartais aeráide agus sna beartais fuinnimh ghaolmhara, agus gur cheart an fíorluach a bhaineann leis na beartais sin don mhaolú ar an athrú aeráide agus don oiriúnú dó a léiriú iontu freisin; den tuairim go bhfuil réitigh dhúlrabhunaithe agus cineálacha cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais agus athchóiriú agus caomhnú na n-éiceachóras agus an éagsúlacht bhitheolaíoch ríthábhachtach chun gur féidir maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó; á iarraidh go mbeadh tuilleadh sonraí ann faoi limistéir atá laistigh agus lasmuigh d'éiceachórais atá ar mhórán carbóin agus speiceas agus faoi cháilíocht na mbeart bainistithe caomhnaithe, cosanta agus athbhunaithe chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht maidir le tosaíochtaí athbhunaithe, agus faoi bhearta agus beartais chun an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac;

37. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart na beartais aeráide uile a shaothrú i gcomhréir le prionsabal an aistrithe chóir agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as trí fhóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol a chéimniú amach, agus i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí uile lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, na comhpháirtithe sóisialta agus an earnáil phríobháideach gan aon duine a fhágáil ar lár; á mheas, dá bhrí

[20] COM(2021)0219.

sin, go bhfuil tuilleadh trédhearcachta, comhpháirtíochtaí sóisialta níos láidre agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais ríthábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach ar fud na sochaí ar bhealach cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe ó thaobh na sochaí de; á mheabhrú go bhforáiltear in Airteagal 10 den Dlí Aeráide Eorpach d'uirlisí chun treochláir dheonacha tháscacha maidir leis an dícharbónú earnálach a bhunú do na hearnálacha is mó astaíochtaí laistigh den Aontas, agus ag tathant ar an gCoimisiún dul i gcomhar leis na hearnálacha sin chun na treochláir sin a éascú;

38. á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh sé mar thoradh ar bhearta a ghlactar chun an t-athrú aeráide a mhaolú nó chun oiriúnú dó go gcuirfí le fadhbanna comhshaoil eile atá ann faoi láthair ná go gcruthófaí cinn nua in AE nó i dtríú tíortha; ag tarraingt aird, i ndáil leis sin, ar na rioscaí comhshaoil a bhaineann leis an méadú ar an éileamh ar amhábhair chriticiúla áirithe atá riachtanach don aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin nó don innealtóireacht aeráide, agus á iarraidh ar an gCoimisiún na rioscaí sin a chur san áireamh ina chuid gníomhaíochtaí agus iad a íoslaghdú i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim;

39. á chreidiúint go bhfuil roinnt buntáistí ag baint le cur chun feidhme uaillmhianach an phacáiste téarnaimh NextGenerationEU atá i bhfoirm beartais inbhuanaithe, beartais a spreagann fás le linn cúlú eacnamaíochta, amhail cruthú post nua, a sholáthraíonn iolraitheoirí fioscacha gearrthéarmacha níos airde agus a mbíonn spáráil costas fhadtéarmach níos airde ann mar thoradh orthu, agus gur deis atá sa phacáiste a thaispeáint do náisiúin eile an tairbhe is féidir a dhéanamh dá ngeilleagar; ag moladh don Choimisiún, don Chomhairle agus do na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as an bpacáiste sin chun tacú leis an aistriú glas;

40. á thabhairt chun suntais gur cheart tacú leis an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe agus le forbairt teicneolaíochtaí glasa nua ós rud é gur féidir leo cabhrú go mór le maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide;

***Oiriúnú don athrú aeráide, cailliúint agus damáiste***

41. ag athdhearbhú gur gá do gach tír oiriúnú don athrú aeráide má tá siad chun drochéifeachtaí an athraithe aeráide a íoslaghdú agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, agus aird á tabhairt ar na leochaileachtaí ar leith atá ag tíortha atá i mbéal forbartha i leith an athraithe aeráide, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit dlús a chur le bearta oiriúnúcháin agus dul i gcomhar leis na húdaráis áitiúla chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh go hiomlán agus chun a áirithiú go mbeidh beartais oiriúnúcháin an Aontais ag teacht le ceannaireacht dhomhanda an Aontais i dtaca le maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, Straitéis nua AE maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, na naisc le Straitéis Bhithéagsúlachta AE agus an creat rialála nua maidir le hoiriúnú a eascraíonn as an Dlí Aeráide Eorpach, agus á iarraidh go gcuirfí chun feidhme ar bhealach uaillmhianach iad, lena n-áirítear a gcomhchodanna idirnáisiúnta;

42. á chur i bhfáth go gcuirtear in iúl i Straitéis nua AE maidir le hOiriúnú don Athrú

Aeráide a ghlac an Coimisiún an 24 Feabhra 2021 go bhfuil sé d'aidhm ag an gCoimisiún acmhainní a mhéadú agus maoiniú don oiriúnú atá ar scála níos mó a shlógadh tuilleadh, agus gur gá a bheith ar an airdeall chun a áirithiú go sroichfidh na hacmhainní airgeadais na pobail is leochailí sna tíortha atá i mbéal forbartha;

43. á chur in iúl gur geal léi an creat rialála nua maidir le hoiriúnú don athrú aeráide faoi Airteagal 4 den Dlí Aeráide Eorpach; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh bearta rialála lena ngabhann spriocanna agus garspriocanna soiléire chun feabhas a chur ar an acmhainneacht oiriúnaitheach, an athléimneacht a neartú agus an leochaileacht i leith an athraithe aeráide a íoslaghdú;

44. á chur i bhfios go láidir, cé gur fadhb dhomhanda é an t-athrú aeráide, go mbeidh tionchar éagsúil aige ar gach réigiún agus gur minic gurb iad na comhlachtaí rialachais ar an leibhéal áitiúil, atá níos gaire do na pobail, na heintitis is oiriúnaí chun straitéisí oiriúnúcháin a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb;

45. ag cur béim ar an bhfíoras go rannchuidíonn bonneagar glas leis an oiriúnú don athrú aeráide tríd an gcaipiteal nádúrtha a chosaint, gnáthóga nádúrtha agus speicis a chaomhnú, stádas cuí éiceolaíoch, bainistiú uisce agus slándáil bia;

46. á thabhairt chun suntais go mbíonn tionchar tubaisteach comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch ag an bhfású agus go bhfuil gá le cur chuige coiteann chun an feiniméan sin a chosc agus oiriúnú dó mar is cuí agus chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé go mbeadh uisce ar fáil chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, ós rud é, sa bhreis ar ligean do phlandaí a ghabhann agus a choimeádann carbón san ithir fás, go gcuirtear feabhas ar bheatha na miocrorgánach, go méadaítear ábhar an ábhair orgánaigh san ithir agus, go bunúsach, go mbíonn acmhainn coinneála carbóin níos mó san ithir mar thoradh ar uisce a bheith san ithir; á chur i bhfáth gur gá aird ar leith a thabhairt ar bhainistiú uisce i gcomhthéacs an oiriúnaithe; á chur i bhfáth gur gá an Treoir Réime maidir le hUisce[21] a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán chun na cuspóirí atá inti a bhaint amach agus an acmhainn sin a bhainistiú ar bhealach níos fearr;

47. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé ríthábhachtach go n-aithneofaí fíorluach an uisce agus an ról atá aige sa mhaolú ar an athrú aeráide agus san oiriúnú dó chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na haeráide ar cháilíocht an uisce agus chun aeráidneodracht a bhaint amach; ag aithint go gcabhraíonn éagsúlú na bhfoinsí uisce, an éifeachtúlacht uisce, bainistiú ciorclach uisce, réitigh dhúlrabhunaithe, réitigh dhigiteacha le haghaidh faireachán, faireachas agus anailís a dhéanamh ar uisce, agus rochtain ar uisce óil agus sláintíocht le truailliú agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú;

48. á thabhairt chun suntais go n-aithnítear sa bhrollach a ghabhann le Comhaontú Pháras an tosaíocht bhunúsach a bhaineann leis an tslándáil bia a chosaint agus deireadh a chur leis an ocras, agus go háirithe leochaileachtaí na gcóras táirgthe bia i leith dhrochthionchar an athraithe aeráide; á mheabhrú go sonraítear in Airteagal 2(1)(b) de UNFCCC, maidir leis an gcumas atá ann oiriúnú do dhrochthionchar an athraithe

[21] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, p. 1).

aeráide agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa a chothú, gur cheart cur leis an gcumas sin ar bhealach nach gcuirfidh an táirgeadh bia i mbaol; á iarraidh ar na Páirtithe uile an tslándáil bia a chur san áireamh go cuí ina bpleananna oiriúnaithe náisiúnta;

49. ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige córasach i leith gach cineál guaise ó thaobh na rioscaí aeráide agus na riachtanais agus bearta oiriúnúcháin a mheas agus ar an ngá atá le feabhas a chur ar na paraiméadair chun an t-oiriúnú atá bunaithe ar fheasacht ar rioscaí a thomhas agus feabhas a chur ar an tacaíocht theicniúil agus airgeadais do thíortha ar mhaithe le tionscadail atá iontaofa ó thaobh brabúis de a fhorbairt chun rochtain a fháil ar bhreis maoiniú oiriúnúcháin;

50. ag tacú leis an athbhreithniú ar an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú agus á thabhairt chun suntais gur gá torthaí intomhaiste a bhaint amach léi bunaithe ar thuiscint chríochnúil ar riosca ar an iliomad leibhéal, ar shonraí comhsheasmhacha agus inchomparáide a bheith ar fáil, agus ar úsáid a bhaint as dul chun cinn cainníochtúil agus cáilíochtúil i leith na hathléimneachta le himeacht ama;

51. á iarraidh ar COP26 Líonra Santiago maidir le Caillteanas agus Damáiste a tionscnaíodh ag COP25 a chur i ngníomh go hiomlán chun gur féidir leis cúnamh teicniúil a spreagadh go héifeachtach do thíortha atá i mbéal forbartha chun caillteanas agus damáiste a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu, agus chun feidhmeanna a chur ar fáil atá bunaithe ar na dúshláin agus na bearnaí is forleithne atá le sárú ag tíortha atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear easpa acmhainní, agus easpa airgeadais agus tacaíochta; á chreidiúint gur cheart feidhmiú Líonra Santiago a dhaingniú i struchtúir UNFCCC agus gur cheart do na tíortha forbartha é a mhaoiniú ar bhealach intuartha agus iontaofa, agus leas á bhaint as an ionchur ó Pháirtithe agus breathnóirí UNFCCC;

52. ag tabhairt dá haire go luaitear in Airteagal 8 de Chomhaontú Pháras maidir le Caillteanas agus Damáiste gur cheart do na Páirtithe cur chuige comhoibríoch a ghlacadh i leith an chaillteanais agus an damáiste a bhaineann le drochéifeachtaí an athraithe aeráide; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá an ghníomhaíocht thacúil dhomhanda i réigiúin atá an-leochaileach i leith thionchar an athraithe aeráide amhail ceantair cois cósta agus oileáin, agus ina bhfuil teorainn leis an gcumas atá ann oiriúnú don athrú aeráide;

53. á chur i bhfáth go bhfuil tionchar níos mó agus níos mó ag an athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil ar chúiseanna an easáitithe daoine; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis an Tascfhórsa um Easáitiú atá mar chuid de Shásra Idirnáisiúnta Vársá do Chaillteanas agus Damáiste (WIM Excom), agus á iarraidh air dlús a chur lena chuid gníomhaíochtaí agus a áirithiú go mbeidh sé níos ionchuimsithí i dtaca leis na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha; á iarraidh go ndíreofaí níos mó ar an easáitiú de dheasca iarmhairtí an athraithe aeráide sna COPanna amach anseo;

***Réitigh dhúlrabhunaithe agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith an athraithe aeráide***

54. á mheabhrú go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na príomhchúiseanna díreacha atá

le cailliúint na bithéagsúlachta agus le díghrádú talún, agus go bhfuil ceangal láidir idir cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide agus go ngéaraíonn siad ar a chéile, ar bagairtí comhionanna don domhan iad; á chur i bhfios go láidir go meastar go mbeidh drochéifeachtaí an athraithe aeráide ar an dúlra agus an bhithéagsúlacht, ar éiceachórais, agus ar infhaighteacht uisce, na haigéin agus an tslándáil bia le sonrú go láidir sna deicheanna de bhlianta amach romhainn; á athdhearbhú gur réiteach féideartha a mbeadh tionchar láithreach aige é éiceachórais ardcharbóin, amhail tailte portaigh, bogaigh agus tailte féaraigh, agus éiceachórais carbóin ghoirm, amhail riasca goirt, féar mara agus mangróibh, agus foraoisí slána a chaomhnú agus a athbhunú go docht, agus go mbeadh tairbhe fhairsing ag baint leis ó thaobh an mhaolaithe agus an oiriúnaithe de; de bhrí, nuair a dhéantar éiceachórais carbóin ghoirm a dhíghrádú nó a scriosadh, go scaoileann siad an carbón a bhí á stóráil acu leis na céadta bliain isteach san atmaisféar agus san aigéan agus gur foinse astaíochtaí gás ceaptha teasa é sin ina dhiaidh sin; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh roinnt beart lena bhféadfaí maolú a dhéanamh ar an ngéarchéim aeráide dochar a dhéanamh don bhithéagsúlacht, agus á chur i bhfios go láidir gur gá dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta i dteannta a chéile; ag moladh, dá bhrí sin, go mbeadh clár oibre comhpháirteach de chuid CBD-UNFCCC ann a dtabharfaí cistiú cuí dó chun gníomhaíocht chomhoibríoch a shainaithint agus a spreagadh;

55. á chur i bhfáth, in ainneoin go bhfuil comhaontú níos mó ann in UNFCCC agus CBD anois faoin ngá atá le gníomhaíocht chomhtháite ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil chun dul i ngleic le géarchéimeanna na bithéagsúlachta agus na haeráide araon i dteannta a chéile, nach bhfuil aon réitigh dhúlrabhunaithe le fáil go fóill i gcuid mhór de na gealltanais náisiúnta faoin aeráid agus de na straitéisí tíre; á mheas go bhféadfadh ardán il-gheallsealbhóirí maidir le réitigh dhúlrabhunaithe cuidiú le sineirgí a neartú idir coinbhinsiúin idirnáisiúnta iltaobhacha maidir leis an mbithéagsúlacht agus an t-athrú aeráide, agus go bhféadfaí spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach dá bharr;

56. á chur i bhfáth go bhfuil gá le sineirgí idir Straitéis Bhithéagsúlachta AE go dtí 2030 agus an ghníomhaíocht ar son na haeráide ar mhaithe leis an maolú agus an t-oiriúnú araon;

57. á mheabhrú freisin go bhfuil ról ríthábhachtach ag an mbithéagsúlacht i dtaca lena chur ar chumas daoine dul i ngleic leis an téamh domhanda agus dul in oiriúint dó agus leibhéal an teacht aniar atá iontu a mhéadú; á chur i bhfáth go mbaineann cineálacha cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais, mar a leagadh amach faoi CBD iad, agus réitigh dhúlrabhunaithe leas as cumas an dúlra agus na bithéagsúlachta i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cuidiú linn dul in oiriúint do thionchar an athraithe aeráide, agus gur réitigh iad a théann chun tairbhe do chách mar gurb é atá i gceist leo ná seirbhísí agus feidhmeanna an éiceachórais a chosaint, a athbhunú agus a bhainistiú agus a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe, réitigh lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin atá roimh an tsochaí agus lena gcuirtear dea-bhail an duine chun cinn; á chur i bhfios go láidir gur éifeachtaí fós iad réitigh dhúlrabhunaithe nuair a phleanáiltear iad ar bhonn

fadtéarmach agus nach mbíonn siad dírithe díreach ar cheapadh mear carbóin[22];

58. á chur in iúl gur geal léi tionscnamh Uachtaránacht COP26 go seolfaí an tIdirphlé maidir le Foraoisí, Talmhaíocht agus Trádáil Tráchtearraí, idirphlé lena dtabharfar le chéile na príomhthíortha a onnmhairíonn táirgí talmhaíochta agus na tíortha a úsáideann na táirgí sin chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an próiseas sin a dhéanamh níos inbhuanaithe; ag meabhrú na seasamh atá glactha aici agus a shonraítear sa rún uaithi maidir le creat dlíthiúil de chuid AE chun stop a chur leis an dífhoraoisiú domhanda atá faoi thionchar AE agus é a aisiompú[23], seasaimh ar cheart iad a chur san áireamh san ionchur ó AE; á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh mar ábhar práinne le haghaidh creat dlíthiúil de chuid AE a bheidh bunaithe ar dhícheall cuí éigeantach lena n-áiritheofar go mbeidh na slabhraí luacha inbhuanaithe agus nach mbeidh dífhoraoisiú, díghrádú foraoise, tiontú éiceachórais ná díghrádú nó sáruithe ar chearta an duine ann mar thoradh ar tháirgí nó tráchtearraí a chuirtear ar mhargadh AE, nó nach n-eascróidh na táirgí ná na tráchtearraí astu sin; á thabhairt dá haire gur cheart creat dlíthiúil den sórt sin de chuid AE a leathnú freisin chun stoc ardcharbóin agus éiceachórais atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de nach foraoisí iad a chumhdach, amhail éiceachórais mhuirí agus chósta, bogaigh, tailte portaigh agus sabhánaí, ionas nach gcuirfear brú ar na héiceachórais sin;

59. ag tarraingt aird ar an bhfíoras nach ndéantar na hastaíochtaí talún síorshioctha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh go hiomlán sna buiséid dhomhanda astaíochtaí, agus nach n-áirítear sna rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) iad; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hiarracht eolaíoch a bhfuil dlús fúithi chun meastachán níos cruinne a dhéanamh ar mhéid na n-astaíochtaí méadaithe $CO_2$ agus meatáin ón Artach atá ag éirí níos teo, agus chun iad a chur in iúl ar bhealach níos fearr, chun bonn eolais níos fearr a chur faoi na cinntí maidir leis an uaillmhian bhreise atá ag teastáil chun an teocht dhomhanda a choinneáil laistigh de chuspóirí Chomhaontú Pháras; á iarraidh ar AE comhghuaillíocht dhomhanda maidir le talamh síorshioctha a thionscnamh agus a stiúradh, comhghuaillíocht a bheidh dírithe ar thaighde a chistiú chun gur féidir measúnú níos fearr a dhéanamh ar gcaoi a bhfuil an fhadhb faoi láthair agus ar bhearta a chistiú chun srian a chur le leá na talún síorshioctha;

60. á thabhairt chun suntais gur gá mapáil chuimsitheach a dhéanamh ar na ceantair atá saibhir ó thaobh an charbóin agus an dúlra de, ar an gcaoi a mbainistítear na ceantair sin agus na héifeachtaí lena mbaineann, ar an mbail atá ar na gnáthóga agus ar thosca eile chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht maidir leis na tosaíochtaí athbhunaithe;

61. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfaidh patrúin an mhargaidh agus an tomhaltais san Aontas dochar d'fhoraoisí, d'éiceachórais nádúrtha agus don bhithéagsúlacht, ná do chearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil;

62. ag aithint a thábhachtaí atá an Chomhdháil maidir leis an mBithéagsúlacht a bheidh ar siúl in Kunming na Síne i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus i mí Aibreán-mí na Bealtaine 2022; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le creat idirnáisiúnta atá níos

[22] Tuarascáil ar an gceardlann a bhí comhurraithe ag IPBES-IPCC maidir leis an mbithéagsúlacht agus an t-athrú aeráide, 10 Meitheamh 2021.
[23] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0285.

láidre, níos ceangailtí agus níos uaillmhianaí chun bithéagsúlacht an domhain a chosaint, rud nach féidir a fháil ar ais, chun stop a chur leis an meath atá ag teacht uirthi faoi láthair agus í a athbhunú a oiread is féidir; á chreidiúint gur cheart go mbeadh creat den sórt sin a bheith bunaithe ar spriocanna, táscairí inchainníochtaithe, sásraí éifeachtacha faireacháin agus gealltanais láidre, rud a chuimsíonn NDCanna agus ionstraimí iomchuí eile, gealltanais airgeadais agus ráthaíochtaí feabhsaithe maidir le fothú acmhainní, mar aon le sásra athbhreithnithe cúig bliana, agus béim á leagan ar mhianta ardleibhéil a bhaint amach a bheidh ag éirí níos láidre i gcónaí; ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfadh AE an ardleibhéal uaillmhéine céanna a éileamh le linn na caibidlíochta chun machaire comhréidh domhanda a áirithiú, lena n-áirítear spriocanna idirnáisiúnta um athchóiriú agus cosaint idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí, spriocanna arbh ionann iad agus 30 % ar a laghad faoi 2030 chun mianta inmheánacha AE a leagadh síos i Straitéis Bhithéagsúlachta AE go dtí 2030 a léiriú;

63. á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, gur thángthas ar an gconclúid in Athbhreithniú 2018 ar chur chun feidhme SDGanna[24] nach n-áirítear pointí riachtanacha a bhaineann le cáilíocht sa chreat faireacháin do SDG 15, ar pointí iad atá ríthábhachtach le haghaidh torthaí níos fónta, lena gcuirtear in iúl an gá atá le táscairí breise i réimsí amhail slántacht foraoise, éifeachtacht bainistíochta i limistéir faoi chosaint, agus comhtháthú fóinteach na bithéagsúlachta i bpróisis eile;

64. á chur i bhfáth go mbraitheann sásraí aeráide ar shláinte éiceachórais na n-aigéan agus na mara dá ndéantar difear leis an téamh domhanda, le truailliú, le róshaothrú bithéagsúlachta muirí, le haigéadú, le dí-ocsaídiú agus le creimeadh cósta; á chur i bhfáth go meabhraíonn IPCC gur cuid den réiteach é an t-aigéan chun éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dóibh;

65. á chur i bhfáth gur cheart, le creat domhanda bithéagsúlachta iar-2020, ceangal a chur ar na Páirtithe réitigh dhúlra-bhunaithe a ionchorprú lena gcosnófar agus lena n-athbhunófar an bhithéagsúlacht agus sláine éiceachórais sna straitéisí náisiúnta bithéagsúlachta agus sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta araon agus in NDCanna chun Comhaontú Pháras a chomhlíonadh;

66. ag aithint ról tábhachtach na hithreach sláintiúla, mar an linn charbóin talún is mó, i dtaca leis an athrú aeráide a mhaolú; ag athdhearbhú a hiarrata ar na Ballstáit athbhunú agus úsáid inbhuanaithe na hithreach a neartú mar uirlis don bheartas aeráide ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECPanna) agus go háirithe sna bearta a bhaineann le hearnálacha na talamhúsáide, an athraithe ar thalamhúsáid agus na foraoiseachta (LULUCF), chomh maith le linnte carbóin a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú (go háirithe i limistéir ina bhfuil ithreacha atá ar mhórán carbóin, amhail féarach agus talamh portaigh), chomh maith le gníomhaíocht a dhéanamh chun úsáid inbhuanaithe na hithreach a chur chun cinn sa bheartas talmhaíochta agus chun astaíochtaí talmhaíochta a laghdú; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún togra reachtach a dhéanamh chun comhchreat dlíthiúil a bhunú ar fud an Aontais chun ithir a chosaint agus chun ithir a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, lena dtabharfar aghaidh ar na mórbhagairtí uile ar an ithir;

[24] Fóram Polaitiúil Ardleibhéil, *Athbhreithniú 2018 HLPF ar chur chun feidhme SDGanna.*

*Maoiniú inbhuanaithe don aeráid*

67. á thabhairt chun suntais gurb iad an tAontas agus na Ballstáit a chuireann an chuid is mó den mhaoiniú poiblí don aeráid ar fáil; ag aithint a thábhachtaí atá an maoiniú don aeráid le haghaidh gníomhaíochtaí aeráide, ós rud é go bhfuil NDCanna coinníollacha ag go leor tíortha atá i mbéal forbartha, a bhfuil a mbaint amach ag brath ar thacaíocht airgeadais; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an cinneadh a rinneadh ag COP24 cinneadh a dhéanamh maidir le sprioc níos uaillmhianaí ó 2025 ar aghaidh, ag cur leis an ngealltanais reatha USD 100 billiún a shlógadh in aghaidh na bliana ó 2020 ar aghaidh, ach á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil na gealltanais iarbhír ó thíortha forbartha fós go mór faoin sprioc chomhchoiteann USD 100 billiún in aghaidh na bliana a shlógadh, agus á iarraidh go ndúnfaí an bhearna sin; ag tathant ar AE agus a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí maoiniú idirnáisiúnta um an athrú aeráide a shlógadh do thíortha atá i mbéal forbartha agus treochlár idirnáisiúnta a bhunú ina leagfar amach sciar cothrom gach tíre forbartha den ghealltanas airgeadais USD 100 billiún agus sásraí chun a áirithiú go ndéanfar na gealltanais a iompú ina ngníomhaíochtaí; ag dréim leis go ndéanfaidh na geilleagair atá ag teacht chun cinn ranníocaíocht, ó 2025 ar aghaidh, leis an méid níos airde den mhaoiniú idirnáisiúnta aeráide amach anseo; ag tacú, sa chomhthéacs sin, le tús a chur leis an gcaibidlíocht ar sprioc nua airgeadais don tréimhse tar éis 2025, ag féachaint ar chur chuige maidir le maitrís sprice lena ngabhann fo-spriocanna ar leithligh, lena n-áirítear le haghaidh maoiniú atá bunaithe ar dheontais, lena léirítear déine mhéadaitheach na dtionchar aeráide agus an phráinn a bhaineann le dlús iomlán a chur le gníomhaíocht ar son na haeráide sa deich mbliana seo;

68. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sreafaí airgeadais ríthábhachtach don oiriúnú don athrú aeráide; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an sprioc dhomhanda maidir le hoiriúnú a oibríochtú agus mórchistí nua a shlógadh don oiriúnú i dtíortha atá i mbéal forbartha; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt i dtaca le méadú suntasach breise a dhéanamh ar an maoiniú oiriúnaithe a chuireann siad ar fáil chun cothromaíocht a bhaint amach idir maoiniú oiriúnaithe agus maoiniú maolúcháin, le tús áite a thabhairt do mhaoiniú atá bunaithe ar dheontais, agus gealltanais iomchuí a ullmhú a bheidh le tabhairt ag COP26;

69. á dhearbhú go bhféadfaí ioncaim ón sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a úsáid chun cur le soláthar an mhaoinithe um an athrú aeráide do thíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe don oiriúnú, ach freisin chun déine charbóin a n-onnmhairí agus a dtáirgí a dhíoltar sa bhaile a laghdú;

70. á aithint gur gá dul chun cinn a dhéanamh maidir le ceist an chaillteanais agus an damáiste, ar cheart acmhainní breise agus leordhóthanacha a chur ar fáil ina leith trí fhoinsí nuálacha airgeadais phoiblí faoi Shásra Idirnáisiúnta Vársá agus ar cheart don Aontas tacú le sainordú COP26 do Shainghrúpa Gníomhaíochta agus Tacaíochta (ASEG) nua Shásra Idirnáisiúnta Vársá mar gheall uirthi chun na foinsí sin a fhiosrú agus a shaothrú;

71. á chur i bhfios gur léirigh géarchéim COVID-19 arís go mbraithimid ar a chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus gur cheart breathnú uirthi mar ghairm ar ghníomhaíocht níos uaillmhianaí agus níos comhchoitinne; á chur i bhfáth gur gá an athléimneacht a chothú trí na ceachtanna ar fad a fhoghlaim ón ngéarchéim reatha ó

thaobh acmhainneachtaí neamhleor pleanála éigeandála agus freagartha éigeandála; ag tabhairt rabhaidh go bhfuil an dul chun cinn i dtreo na SDGanna ag dul ar gcúl mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, go bhfuil sí ag méadú na fíorbhochtaineachta i dtíortha atá i mbéal forbartha agus go bhfuil leibhéil fiachais ag dul in olcas mar gheall uirthi; á chur i bhfios go láidir gur gá cur go mór leis an maoiniú aeráide agus réitigh inmharthana a aimsiú go práinneach maidir le faoiseamh fiachais do thríú tíortha laistigh d'fhóraim idirnáisiúnta chun téarnamh glas domhanda a éascú;

72. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go nglacfaidh na mórinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais maoiniú glas go pras agus go bhforbródh siad é d'fhonn dícharbónú rathúil a bhaint amach sa gheilleagar domhanda; ag meabhrú ról BEI mar bhanc aeráide an Aontais agus an róil atá aige maidir le Treochlár na mBanc Aeráide a glacadh le déanaí agus maidir leis an mBeartas nuashonraithe maidir le hiasachtú fuinnimh; ag tathant ar bhainc forbartha iltaobhacha, lena n-áirítear BEI, agus ar institiúidí maoinithe forbraíochta níos mó infheistíochtaí aeráide a mhaoiniú, a bpunanna a ailíniú le Comhaontú Pháras agus tacú le tíortha atá i mbéal forbartha téarnamh ó COVID-19 ar bhealach glas, cuimsitheach agus athléimneach; á chur i bhfios gur gá ardáin agus uirlisí a chruthú chun dea-chleachtais a chur chun cinn agus a roinnt ar mhaithe leis an téarnamh inbhuanaithe agus chun comhar praiticiúil a chur chun cinn maidir le hastaíochtaí GCT a dhíchúpláil ón bhfás eacnamaíoch agus rathúnas á mhéadú ag an am céanna; á iarraidh go bhforbrófaí agus go dtacófaí le comhaontú domhanda maidir le prionsabail an airgeadais inbhuanaithe, lena n-áirítear caighdeáin chuntasaíochta inbhuanaitheachta na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais;

73. á chur in iúl gur geal léi go leanfaidh an Ciste Oiriúnaithe de bheith ag fónamh do Chomhaontú Pháras; ag aithint a thábhachtaí atá an ciste sin do na pobail sin is leochailí don athrú aeráide, agus á thabhairt dá haire gur gheall an ciste, ó 2010 i leith, breis agus USD 830 milliún do thionscadail agus do chláir maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht, lena n-áirítear breis agus 120 tionscadal nithiúil logánta sna pobail is leochailí i dtíortha atá i mbéal forbartha ar fud an domhain; á chur i bhfáth, áfach, nach leor an méid sin agus á iarraidh ar thíortha bronntacha dlús suntasach a chur lena ranníocaíochtaí leis an gCiste Oiriúnaithe le cur chuige níos intuartha agus ilbhliantúil;

74. á athdhearbhú gur gá deireadh a chur go práinneach le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise agus le fóirdheontais eile atá díobhálach don chomhshaol san Aontas agus ar fud an domhain; á thabhairt dá haire gur fiú thart ar EUR 50 billiún fóirdheontais do bhreoslaí iontaise san Aontas, agus á iarraidh ar na Ballstáit go léir beartais, amlínte agus bearta nithiúla a chur chun feidhme chun deireadh a chur de réir a chéile leis na fóirdheontais uile do bhreoslaí iontaise, idir dhíreach agus indíreach, faoi 2025 ar a dhéanaí; á iarraidh ar na Páirtithe eile go léir bearta comhchosúla a dhéanamh;

75. ag tacú le hobair Chomhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ag spreagadh na rialtas uile gealltanais na comhghuaillíochta a ghlacadh chun na beartais agus na cleachtais go léir atá faoi chúram na n-aireachtaí airgeadais a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras agus praghsáil éifeachtach carbóin a ghlacadh, mar a leagtar síos i bPrionsabail Heilsincí;

76. ag cur béim ar an ról tábhachtach nach mor don earnáil príobháideach a bheith aici, lena n-áirítear corparáidí agus margaí airgeadais, maidir leis an ngeilleagar a leagan amach

ar chonaire a bheidh ag luí le Comhaontú Pháras; á chur in iúl gur geal léi tionscnamh Mhol Airgeadais Phríobháidigh COP26 lena ndírítear ar chóras a thógáil lena gcuirfear maoiniú príobháideach chun úsáide chun tacú le hathchóiriú ár ngeilleagar ar mhaithe le glan-nialasú; ag aithint shuim leathan an phobail agus a rannpháirtíochta in infheistíochtaí inbhuanaithe; á chur in iúl gur geall léi rannpháirtíocht mhéadaitheach na mórinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais i bhforbairt an airgeadais ghlais agus á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach an treocht sin a chothú chun dícharbónú rathúil a bhaint amach sa gheilleagar domhanda; á chur in iúl gur geal léi Comhaontas Airgeadais Ghlaschú don Ghlan-nialas agus a thiomantas na hinfheistíochtaí domhanda is gá a shlógadh le haghaidh glanastaíochtaí neodracha tráth nach déanaí ná 2050, bunaithe ar chritéir eolaíochtbhunaithe;

77. á thabhairt chun suntais gur theip ar an Sásra Glanfhorbraíochta (CDM) fíorlaghduithe breise ar astaíochtaí a chruthú; á iarraidh ar na Páirtithe féachaint le deireadh láithreach a chur le CDM; á chur i bhfáth go mbainfí an bonn ó Chomhaontú Pháras agus ó na hiarrachtaí comhchoiteanna chun astaíochtaí GCT a laghdú dá leanfaí le CDM;

78. á chur i bhfáth nár cheart sean-chreidmheasanna a gineadh san am a chuaigh thart a úsáid faoi Chomhaontú Pháras; á chur i bhfáth nár cheart seanchreidmheasanna a úsáid chun spriocanna aeráide iar-2020 a bhaint amach;

79. á chur i bhfios go láidir gur gá d’institiúidí airgeadais agus do chuideachtaí nochtadh airgeadais a bhaineann leis an aeráid agus leis an inbhuanaitheacht a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun cinn;

***Iarracht chuimsitheach ag gach earnáil***

80. á thabhairt chun suntais gurb í earnáil an iompair an t-aon earnáil ina bhfuil méadú tagtha ar astaíochtaí ar leibhéal an Aontais ó 1990 i leith agus nach bhfuil sé sin ag luí le cuspóir fadtéarmach na haeráidneodrachta, lena n-éilítear laghduithe níos mó agus níos tapúla ar astaíochtaí ó earnálacha uile na sochaí, lena n-áirítear na hearnálacha eitlíochta agus muirí; á mheas, chun a áirithiú go mbeidh na NDCanna comhsheasmhach leis na gealltanais uile-gheilleagair a cheanglaítear le Comhaontú Pháras, gur cheart na Páirtithe a spreagadh chun astaíochtaí ó loingseoireacht idirnáisiúnta agus ón eitlíocht a áireamh ina gcuid NDCanna agus chun teacht ar chomhaontú maidir le bearta agus iad a chur chun feidhme, ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, chun astaíochtaí ó na hearnálacha sin a laghdú, lena n-áirítear tionchair neamh-$CO_2$ na heitlíochta; á athdhearbhú sa chomhthéacs sin gur gá na hearnálacha sin a rialáil faoi chóras trádála astaíochtaí an Aontais (ETS), a d’fhéadfadh a bheith ina eiseamláir don obair chomhthreomhar, ag tacú leis an uaillmhian dhomhanda níos airde ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO); á chur in iúl gur cúis bhuartha di an dul chun cinn mall a rinneadh in IMO agus in ICAO maidir le haghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó loingseoireacht agus eitlíocht idirnáisiúnta; á chur i bhfios gurb í an eitlíocht is cúis le tuairim is 2.1 % d’astaíochtaí domhanda $CO_2$; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh chun an scéim fritháirithe agus laghdaithe carbóin don eitlíocht idirnáisiúnta (CORSIA) a neartú agus tacú le ICAO sprioc fhadtéarmach a ghlacadh chun astaíochtaí laistigh den earnáil a laghdú agus neamhspleáchas reachtach an Aontais a chosaint i

gcur chun feidhme Threoir ETS;

81. á mheabhrú, de réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh, nach mór na gluaisteáin nua paisinéirí uile a chuirtear ar an margadh domhanda faoi 2035 a bheith saor ó astaíochtaí chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050; á chur i bhfáth thairis sin nach mór do bheagnach gach gluaisteán ar bhóithre na hEorpa a bheith saor ó astaíochtaí faoi 2050 ionas go mbeidh an Eoraip aeráidneodrach faoin mbliain sin; á chur i bhfáth gur féidir le hearnáil an iompair a bheith ina éascaitheoir suntasach maidir le fuinneamh inathnuaite a imlonnú; ag cur béim ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag soghluaisteacht leictreach mar fhoirm de chomhtháthú cliste na n-earnálacha cumhachta agus iompair trí leas a bhaint as acmhainneachtaí solúbthachta, agus béim á leagan ar an tábhacht a bhaineann le muirearú cliste a úsáid ar fud AE;

82. á thabhairt dá haire gur tháinig ardú 12 % ar astaíochtaí carbóin dhuibh ón loingseoireacht ar fud an domhain idir 2012 agus 2018, agus méadú 85 % san Artach idir 2015 agus 2019; á chur i bhfáth go meastar gurb ionann astaíochtaí carbóin dhuibh agus thart ar 21 % d'astaíochtaí ó loingseoireacht thar amscála 20 bliain; i bhfianaise a phráinní atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus go háirithe an ráta scanrúil ar a bhfuil an tArtach ag leá; á iarraidh go ngníomhófaí láithreach chun an méadú atá ann faoi láthair ar astaíochtaí carbóin dhuibh ón loingseoireacht Artach a aisiompú; á chur in iúl gur saoth léi go mór go bhfuil an iomarca lúb ar lár sa toirmeasc a ghlac IMO ar ola throm bhreosla a úsáid san Artach agus gur fhág sé sin go bhfuil sé neamhéifeachtach ó thaobh an tArtach a chosaint de; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh gach long a thagann isteach i gcalafoirt AE agus a thaistealaíonn san Artach nó gar dó aistriú chuig driogáití níos glaine agus scagairí cáithníneacha a shuiteáil, lena laghdófaí astaíochtaí carbóin dhuibh faoi níos mó ná 90 %;

83. ag cur sonrú san fhíoras gurbh í an loingseoireacht ba chúis le thart ar 2.5 % d'astaíochtaí GCT ar fud an domhain in 2012[25]; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil loingseoireacht díolmhaithe ó spriocanna aeráide idirnáisiúnta (UNFCCC) agus AE araon, agus ag tarraingt aird ar an bhfíoras go meastar go dtiocfaidh méadú suas le 50 % idir 2018 agus 2050 ar na hastaíochtaí sin mura rachfar i ngleic leo[26]; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac IMO straitéis tosaigh in 2018 maidir le hastaíochtaí GCT ó longa a laghdú, a deir gur cheart uasphointe na n-astaíochtaí a bhaint amach a luaithe agus is féidir agus titim 50 % ar a laghad faoi 2050 i gcomparáid le 2008, agus iarracht á déanamh deireadh iomlán a chur leo de réir a chéile, ach á chur in iúl gur cúis bhuartha di an dul chun cinn mall a rinneadh go dtí seo agus ag tathant ar IMO dul chun cinn gasta a dhéanamh i dtaca le bearta uaillmhianacha a ghlacadh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma;

84. á mheabhrú go bhfuil ról lárnach ag cathracha maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú; á chur i bhfáth go gcaithfidh cathracha ceannaireacht a léiriú go háitiúil agus ar bhonn domhanda maidir leis an aistriú glas; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhearta nithiúla chun tacú le hastaíochtaí $CO_2$ na gcathracha a laghdú, a bheidh le cur i gcrích i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta, le saoránaigh agus le

[25] Beartas AE maidir le gníomhú ar son na haeráide, ag freagairt don éigeandáil dhomhanda, Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS), Márta 2021.
[26] EPRS, Márta 2021.

húdaráis áitiúla; á thabhairt chun suntais gur féidir le cathracha feidhmiú mar chliabhán le haghaidh teicneolaíochtaí nua i réimse an leictrithe, an uathoibrithe agus an digitithe trí thacú leis an nuálaíocht agus le gníomhaíocht den chéad uair;

85. á chur i bhfáth gur gá iarrachtaí a chomhtháthú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an athrú aeráide agus maidir le cáilíocht an aeir araon; á mheas go bhfuil gá le cur chuige iomlánaíoch chun astaíochtaí a laghdú ag an bhfoinse i ngach earnáil, go háirithe iompar de bhóthar agus muirí, eitlíocht, suiteálacha tionsclaíocha, foirgnimh, talmhaíocht agus táirgeadh fuinnimh, chun sláinte ár saoránach agus ár bpláinéid a chosaint níos fearr;

86. á mheabhrú go dtagann 23 % d’astaíochtaí GCT domhanda agus thart ar 10 % d’astaíochtaí GCT an Aontais ón talmhaíocht, agus ag aithint go bhféadfadh laghdú suntasach astaíochtaí GCT a bheith ann in earnáil na talmhaíochta, agus go mbeadh sé sin ina rannchuidiú dearfach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide trí cheapadh carbóin a mhéadú; á chur i bhfáth, le haistriú chuig talmhaíocht athghiniúnach, slabhraí soláthair níos giorra agus aistí bia níos sláintiúla, níos cothroime agus níos inbhuanaithe, lena n-áirítear trí mhéadú a dhéanamh ar thomhaltas plandaí a tháirgtear go hinbhuanaithe agus ar bhianna atá bunaithe ar phlandaí, go gcuirfí go mór le laghdú astaíochtaí talmhaíochta agus ag an am céanna go mbainfí an brú ar an talamh agus go gcabhrófaí le héiceachórais a athbhunú;

87. á thabhairt dá haire go bhfuil aitheantas tugtha ag tuarascálacha IPCC agus IPBES, ag Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCeart chun Bia agus ag an Measúnú Idirnáisiúnta faoi stiúir FAO maidir le hEolas Talmhaíochta, Eolaíocht agus Teicneolaíocht don Fhorbairt, do na mórbhuntáistí aeráide, bithéagsúlachta agus slándála bia a bhaineann leis an agra-éiceolaíocht; á athdhearbhú gur cheart an agra-éiceolaíocht agus feirmeoireacht teaghlaigh a chur i gcroílár na gníomhaíochta ar son na haeráide;

88. á thabhairt dá haire go n-astaíonn foinsí amhail talmhaíocht, láithreáin líonta talún, saoráidí fuíolluisce, agus táirgeadh agus iompar píblíne breoslaí iontaise thart ar 60 % de mheatán an domhain; á mheabhrú gur GCT cumhachtach é an meatán, níos mó ná 80 huaire níos láidre ná $CO_2$ thar thréimhse 20 bliain, agus gurb é an dara rud is mó a chuireann leis an athrú aeráide, tar éis dé-ocsaíd charbóin; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé astaíochtaí meatáin a laghdú láithreach agus go gasta mar cheann de na bearta is éifeachtaí do ghníomhú AE ar son na haeráide; á thabhairt dá haire go bhfuil a lán teicneolaíochtaí agus cleachtas atá éifeachtach ó thaobh costais de ar fáil cheana féin chun astaíochtaí meatáin a mhaolú, go háirithe ó earnáil an fhuinnimh; á thabhairt chun suntais go gcomhlánaíonn laghduithe ar astaíochtaí meatáin na laghduithe riachtanacha ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus go bhféadfaí cuid mhaith de na laghduithe ar astaíochtaí a cheanglaítear faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach cheana féin le maolú meatáin ar chostas atá íseal agus atá indéanta go teicniúil; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, straitéis nua an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú, ar straitéis í a thíolaic an Coimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus á iarraidh ar na Páirtithe uile gníomhaíocht mhear agus uaillmhianach a dhéanamh chun astaíochtaí meatáin a laghdú go mór; á iarraidh ar an gCoimisiún creat reachtach cothrom, cuimsitheach agus soiléir a mholadh lena leagfar síos bearta ceangailteacha agus spriocanna laghdaithe meatáin as a dtiocfaidh laghdú suntasach ar astaíochtaí

meatáin san Aontas faoi 2030; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an comhar agus an comhordú idirnáisiúnta a stiúradh maidir le maolú astaíochtaí meatáin agus teacht ar chomhaontú domhanda maidir le maolú meatáin ag COP26 ina sainítear uaillmhianta nua maidir le maolú domhanda meatáin i gcomhréir le tuarascáil 1.5 °C IPCC, le tuarascáil maidir le measúnú domhanda ar mheatán Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) agus le séú tuarascáil mheasúnaithe IPCC;

89. á mheabhrú, mar a léirítear sa mheasúnú tionchair ar phlean sprioc aeráide 2030[27], gur gá dul i ngleic le hastaíochtaí meatáin faoin mbliain 2030 i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, chun laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT a bhaint amach faoi 2030;

90. ag tacú le hiarrachtaí an Choimisiúin a mholadh go gcruthófaí creat atá ceangailteach ó thaobh dlí ar an leibhéal idirnáisiúnta chun astaíochtaí meatáin a laghdú faoi na Náisiúin Aontaithe;

91. á chur in iúl gur geal léi an rún fógartha atá ag Rialtas Joe Biden sna Stáit Aontaithe agus ag Uachtarán Xi Jinping na Síne Leasú Kigali ar Phrótacal Montréal a dhaingniú, ar deis uathúil é, in éineacht leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar rialacha an Aontais maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, chun an domhan a thabhairt níos gaire do bhaint amach chuspóirí Chomhaontú Pháras; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú uaillmhianach ar an Rialachán maidir le Gás-F a chur i láthair faoi dheireadh 2021 chun dlús a chur le deireadh a chur le hidreafluaracarbóin (HFC);

92. ag spreagadh AE ról ceannasach a ghlacadh i dtaca leis an bpraghsáil carbóin a chur chun cinn mar uirlis beartais aeráide éifeachtúil mar chuid de chreat rialála níos leithne, chun féachaint ar naisc agus cineálacha eile comhair leis na sásraí praghsála carbóin atá ann cheana i dtríú tíortha agus réigiúin, chun dlús a chur le laghduithe costéifeachtúla astaíochtaí ar fud an domhain agus chun riosca a bhaineann le sceitheadh carbóin a laghdú ag an am céanna, rud a chuirfeadh le machaire comhréidh a áirithiú ar fud an domhain; á iarraidh ar an gCoimisiún coimircí a bhunú chun a áirithiú go leanfaidh aon nasc le ETS AE de ranníocaíochtaí maolúcháin breise agus buana a chur ar fáil agus nach mbainfear an bonn ó ghealltanais inmheánacha an Aontais maidir le hastaíochtaí GCT; á chur i bhfios go láidir gur cuid ríthábhachtach den Chomhaontú Glas é sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha an Aontais a bhunú a bheadh comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus gur cheart é a bheith ina phríomhthosaíocht; á chur i bhfáth gur cheart an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a úsáid mar threoirphlean le haghaidh gníomhaíocht níos láidre ar son na haeráide laistigh den Aontas agus ar fud an domhain, agus iomaíocht chothrom idir táirgeoirí intíre agus táirgeoirí eachtracha an Aontais a áirithiú ag an am céanna;

93. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh tiomantas láidir ann i gcoinne an dífhoraoisithe; ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil limistéar foraoise AE ag leathnú le blianta beaga anuas, i réigiúin eile, go háirithe sna geilleagair atá ag teacht chun cinn atá ag brath ar thráchtearraí, gur fadhb é an dífhoraoisiú ollmhór, go príomha i ngeall ar earnáil na talmhaíochta agus earnáil an bheostoic, a bhfuil réiteach leormhaith de dhíth

[27] SWD(2020)0176.

uirthi;

*Tionscal agus iomaíochas*

94. á mheas gurb é COP26 an ceann is tábhachtaí d'earnálacha tionsclaíocha agus fuinnimh na hEorpa ó síníodh Comhaontú Pháras in 2015, mar gur chumhdaigh an tAontas bealach chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí agus go bhfuil an pacáiste um oiriúnú don sprioc 55 % seolta aige; á chreidiúint gur cheart an rathúnas eacnamaíoch, an comhtháthú sóisialta, cruthú post, an fhorbairt thionsclaíoch inbhuanaithe agus an beartas aeráide a bheith ag treisiú a chéile; á thabhairt chun suntais go gcuirtear deiseanna ar fáil do thionscal AE leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ar deiseanna iad is féidir a bhaint amach má gheallann reachtóirí freagairt beartais atá tráthúil, saincheaptha, bunaithe ar an dlúthpháirtíocht agus leormhaith a thabhairt; á chur i bhfáth go bhfuil gá le straitéis uileghabhálach chun na cuspóirí a leagadh amach do 2030 a bhaint amach agus ina dhiaidh sin sreafaí airgeadais poiblí agus príobháideacha a ailíniú; á mheas go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach do AE buntáiste an cheannródaí a áirithiú agus dea-shampla a thabhairt;

95. á chur i bhfáth gur cheart don Aontas a dhícheall a dhéanamh chun seasamh ceannasach agus iomaíochas domhanda a chuid tionscal a choinneáil san aistriú i dtreo geilleagar astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha; á chur i bhfios gur cheart na huirlisí beartais atá ar fáil agus nuálach a úsáid chun réimsí cheannaireacht an Aontais a chothabháil agus a leathnú; á chur i bhfios go láidir an gá atá ann tionscal na hEorpa a dhícharbónú tuilleadh agus leanúint de thacaíocht AE don iarracht sin; á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh le haghaidh slabhraí luacha straitéiseacha; ag aithint na n-éifeachtaí dearfacha ar thionscail Eorpacha ó luathghníomhaíocht sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, chomh maith leis an Aontas de bheith ag tabhairt dea-shampla maidir le haeráidneodracht a bhaint amach, lena réitítear an bealach do thíortha nach bhfuil an dul chun cinn céanna déanta acu nó nach bhfuil chomh huaillmhianach sin agus lena gcosnaítear buntáiste iomaíoch fíorthairbheach do thionscail agus do ghnólachtaí AE; á chur i bhfáth gur gá comhaontuithe iltaobhacha agus déthaobhacha in-fhorfheidhmithe a bhunú idir an tAontas agus a chomhpháirtithe, lena ndírítear ar chaighdeáin chomhshaoil an Aontais a onnmhairiú agus cothroime iomaíochta a áirithiú i dtrádáil agus in infheistíochtaí; á chur i bhfáth an gá atá ann cosc a chur le hathlonnú táirgeachta agus infheistíochtaí i dtionscal na hEorpa mar gheall ar bhearta aeráide nach bhfuil chomh huaillmhianach céanna lasmuigh den Aontas, agus ar an gcaoi sin ag spreagadh comhpháirtithe idirnáisiúnta iarrachtaí a ailíniú chun an t-athrú aeráide a chomhrac; á mheas, le tacsanomaíocht ghlas an Aontais, gur cheart trédhearcacht a chruthú agus soiléireacht a thabhairt ionas go mbeidh rialtais agus gnólachtaí in ann dreasachtaí a chur ar fáil d'infheistíochtaí lena gcabhrófaí le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

96. ag aithint ról ríthábhachtach FBManna, go háirithe micrifhiontair agus gnólachtaí nuathionscanta, maidir le fostaíocht agus fás a thiomáint agus a chur i gcrích agus maidir leis an mbealach a stiúradh i ndáil leis na haistrithe digiteacha agus glasa; á mheabhrú gur cuid bhunriachtanach den chreat eacnamaíoch agus sóisialta Eorpach iad FBManna agus nach mór do reachtóirí tacú leo agus iad a dhreasú san aistriú sin, go háirithe trí rochtain ar mhaoiniú a áirithiú le haghaidh teicneolaíochtaí, seirbhísí agus próisis inbhuanaithe, agus trí nósanna imeachta riaracháin a shimpliú; á chur in iúl gur

cúis imní di nach bhfuil mórán FBManna ar an eolas fós faoi na deiseanna a bhaineann leis an aistriú glas agus dá bhrí sin á iarraidh go ndúnfaí an bhearna eolais sin, le tacaíocht ó chomhairleoirí inbhuanaitheachta agus ó sheirbhísí inbhuanaitheachta a ghabhann leis an Líonra Fiontar Eorpach;

97. á chur in iúl gur geal léi an tiomantas, na hiarrachtaí agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag saoránaigh, pobail, bardais, cathracha, réigiúin, tionscail agus institiúidí na hEorpa chun oibleagáidí Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, an gá atá le dlús a chur le gníomhaíochtaí chun go mbeidh siad go hiomlán i gcomhréir le Comhaontú Pháras; á spreagadh, dá bhrí sin, na gníomhaithe go léir atá rannpháirteach, laistigh agus lasmuigh den Aontas, a n-uaillmhianta agus a n-iompar a chur in oiriúint do chaighdeáin níos airde chun dul i ngleic leis na dúshláin aeráide;

98. ag tabhairt chun suntais na ndeiseanna a chuirtear ar fáil trí straitéis láidir fáis le haghaidh téarnamh tar éis COVID, ar deiseanna iad, ní hamháin chun an ghéarchéim eacnamaíoch a shárú ach freisin chun geilleagar glas agus inbhuanaithe de chuid an Aontais a fhorbairt tuilleadh trí na haistrithe digiteacha agus glasa a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, go ndéanfadh sé dochar do thionscal AE neamhaird a thabhairt ar an mbuntáiste a bhaineann le tógáil móimintim, i bhfianaise mhéid an chlaochlaithe thionsclaíoch atá riachtanach chun cuspóirí 2030 a bhaint amach i dtimpeallacht atá an-iomaíoch agus atá ag forbairt go tapa;

99. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil roinnt comhpháirtithe trádála de chuid an Aontais tar éis sásraí trádála carbóin nó sásraí praghsála eile a thabhairt isteach; á chur in iúl gur geal léi shásra AE um choigeartú carbóin ar theorainneacha atá cóir ó thaobh na sochaí de i gcomhréir leis na tograí a rinneadh sa rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le sásra AE um choigeartú carbóin ar theorainneacha atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, lena n-áirítear sásra éifeachtach sceite carbóin a bhunú, agus a éifeacht chun praghas carbóin domhanda a bhrú ar aghaidh; á iarraidh ar na Páirtithe i COP26 teacht ar chomhaontú maidir le rialacha soiléire, cothroma, stuama ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de maidir le margaí carbóin lena gcuirfear leis an bhforbairt inbhuanaithe ar bhealach nithiúil intomhaiste;

***Beartas fuinnimh***

100. á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht fuinnimh faoin bpacáiste um oiriúnú don sprioc 55 %; chun í a ailíniú le sprioc mhéadaithe an Aontais astaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí;

101. ag meabhrú thiomantas an Aontais do bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an prionsabal a phríomhshruthú sa reachtaíocht agus sna tionscnaimh ábhartha uile; á chur i bhfios acmhainneacht neamhshaothraithe na héifeachtúlachta fuinnimh in earnálacha amhail earnáil an iompair agus earnáil na bhfoirgneamh, lena n-áirítear téamh agus fuarú;

102. á mheabhrú gur caitheadh EUR 50 billiún san Aontas ar fhóirdheontais do bhreoslaí iontaise in 2018, arb ionann é agus thart ar aon trian d’fhóirdheontais fuinnimh uile an Aontais; á chreidiúint go mbaintear an bonn ó spriocanna an Chomhaontaithe Glais don

Eoraip agus ó oibleagáidí Chomhaontú Pháras le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise; á chur i bhfáth gur gá comharthaí praghais níos comhsheasmhaí a chur ar fáil go práinneach ar fud na n-earnálacha fuinnimh agus ar fud na mBallstát, agus nach ndéantar costais sheachtracha a inmheánú; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na Páirtithe eile i COP26 tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí i bhfuinneamh glas agus sa bhonneagar glas, agus deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais dhíreacha agus indíreacha do bhreoslaí iontaise;

103. á chreidiúint, ionas go mbeidh an tAontas in ann aeráidneodracht a bhaint amach, gur cheart a chóras fuinnimh a chomhtháthú agus a bhunú ar thosaíocht céim ar chéim ag tosú le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, as a dtiocfaidh coigilteas fuinnimh, agus ina dhiaidh sin dícharbónú na n-úsáidí deiridh trí leictriú díreach, breoslaí bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite agus, le linn idirthréimhse, breoslaí ísealcharbóin le haghaidh feidhmeanna nach bhfuil rogha mhalartach eile acu, agus inrochtaineacht fuinnimh, inacmhainneacht agus slándáil an tsoláthair á gcoinneáil trí chóras ciorclach, an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, comhtháite, idirnasctha, athléimneach agus ilmhódúil a fhorbairt;

104. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé éagsúlacht na ndúshlán agus na gcóras náisiúnta fuinnimh a chur san áireamh; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le haistriú cóir agus ag athdhearbhú an ghealltanais a leagtar amach sa Chomhaontú Glas nua nár cheart aon duine a fhágáil ar lár; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil thart ar 50 milliún teaghlach in AE fós ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh; á thabhairt chun suntais a tábhachtaí atá an ghné shóisialta a bhaineann le huaillmhian aeráide níos airde, trínar cheart beartais a ghlacadh chun bochtaineacht fuinnimh a chosc agus a dhíothú a luaithe is féidir; á chur i bhfáth gur cheart beartais fuinnimh a shaothrú i gcomhréir le prionsabal an aistrithe chóir agus i ndlúthchomhar leis an tsochaí shibhialta agus le comhpháirtithe sóisialta; á mheas, dá bhrí sin, go bhfuil pleanáil phoiblí agus comhpháirtíochtaí sóisialta níos láidre agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais bunriachtanach chun aeráidneodracht a bhaint amach ar fud na sochaí ar bhealach cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe ó thaobh na sochaí de;

105. á chur in iúl gur geal léi glacadh na straitéise Eorpaí maidir le Hidrigin, lena leagtar síos spriocanna do shuiteáil 6 GW ar a laghad de leictrealóirí hidrigine inathnuaite san Aontas faoi 2024 agus 40GW de leictrealóirí hidrigine inathnuaite faoi 2030; á mheabhrú gur gá dlús a chur le dícharbónú an táirgthe hidrigine atá ann cheana trí tháirgeadh hidrigine inathnuaite a mhéadú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé hidrigin iontaise-bhunaithe a chéimniú amach a luaithe is féidir, ag díriú ina ionad sin ar theicneolaíochtaí sábháilte agus inbhuanaithe; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tús a chur láithreach leis an gcéimniú amach sin a phleanáil go cúramach, ionas go gcuirfear tús le laghdú gasta ar tháirgeadh na hidrigine de bhunús iontaise, ar bhealach intuartha agus do-aisiompaithe agus ionas nach gcuirfear le fad saolré saoráidí táirgthe de bhunús iontaise; ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt láithreán táirgthe hidrigine de bhunús iontaise lonnaithe i gcríocha an aistrithe chóir agus, dá bhrí sin, á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le bearta tacaíochta éifeachtacha lena n-éascófar laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena rannchuideofar le hathoiliúint agus le hinfhostaitheacht bhreise an luchta saothair áitiúil;

106. á chur in iúl gur geal léi straitéis an Aontais maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus a huaillmhian acmhainn na hEorpa amach ón gcósta a mhéadú go 60 GW ar a laghad faoi 2030 agus go 340 GW faoi 2050; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go rachaidh cur chun feidhme na straitéise chun tairbhe an Aontais ina iomláine, lena n-áirítear Ballstáit thalamhiata;

107. á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de gur gá na dálaí a chruthú ionas go mbeidh níos mó dreasachtaí ag tomhaltóirí cineálacha fuinnimh níos inbhuanaithe a roghnú agus a bheith níos gníomhaí; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na bacainní atá fós ann maidir le féintomhaltas inathnuaite agus pobail fuinnimh inathnuaite, go háirithe i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha;

108. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh (2003/96/CE) agus chun ionstraim a dhéanamh di lena ndéantar na beartais chánach a ailíniú leis na spriocanna fuinnimh agus aeráide le haghaidh 2030 agus 2050, agus measúnú á dhéanamh ag an am céanna ar na tionchair, lena n-áirítear ar thomhaltóirí, ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar bhochtaineacht iompair; á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar chánacha agus tobhaigh ar fhuinneamh inathnuaite a laghdú ar fud an Aontais, de réir mar is iomchuí, agus dreasachtaí airgeadais a neartú chun fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh;

109. á chur i bhfáth, cé go bhfuil an Eoraip ag obair chun a spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach, go mbeidh gá le gníomhaíocht chomhordaithe dhomhanda chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach go domhanda faoi 2050 ar a dhéanaí; á thabhairt chun suntais go mbeidh céimeanna éagsúla cúnaimh idirnáisiúnta de dhíth ar thíortha atá i mbéal forbartha chun a n-aistriú glas a bhaint amach; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar dhlúthchomhar trasteorann agus ar chomhroinnt dea-chleachtas le comhpháirtithe idirnáisiúnta i réimsí an cheaptha beartais agus na heolaíochta, lena n-áirítear aistriú teicneolaíochta, chun éifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus i mbonneagar fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn;

110. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún plean gníomhaíochta a ghlacadh maidir le digitiú na hearnála fuinnimh chun an tAontas a shuí mar cheannaire teicneolaíochta agus chun córas fuinnimh níos comhtháite a chumasú le réitigh chliste in earnálacha sonracha agus le cistiú feabhsaithe don tréimhse 2021-2027; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na rioscaí cibearshlándála in earnáil an fhuinnimh chun athléimneacht na gcóras fuinnimh a áirithiú;

***Taighde, nuálaíocht, teicneolaíochtaí digiteacha agus beartas spáis***

111. á chur in iúl gur geal léi ról an chláir Fís Eorpach agus a rannchuidiú le haeráidneodracht; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go gcothóidh na comhpháirtíochtaí faoin gclár Fís Eorpach, lena n-áirítear na Comhghnóthais, comhoibriú idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus é mar aidhm aige rannchuidiú le baint amach an aistrithe ghlais, agus é á áirithiú ag an am céanna go mbeidh nuálaíochtaí inbhuanaithe ar fáil, inrochtana agus inacmhainne; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an gcumarsáid le saoránaigh maidir le torthaí thionscadail Eorpacha T&F agus maidir le teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear

tionscadail tithe solais, chun glacadh an phobail a mhéadú agus ról an Aontais a dhéanamh níos feiceálaí dá shaoránaigh;

112. á thabhairt chun suntais an gá atá le tuilleadh infheistíochta a mhealladh, idir phoiblí agus phríobháideach, sa taighde, sa nuálaíocht agus in úsáid teicneolaíochtaí nua inbhuanaithe, lena n-áirítear i dtionscail dlúthshoathair, i ngréasáin nua bhonneagair a bhfuil gá leo agus i dtionscadail a chuireann le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Chomhaontú Pháras;

113. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a áirithiú i ndreasachtaí chun teicneolaíochtaí nuálacha a chothú chun spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach, lena dtugtar aghaidh ar theicneolaíochtaí atá aibí cheana a úsáid chomh maith le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua nach mór a fhorbairt chun sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí;

114. á chur i bhfios go láidir an ról bunúsach a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le haistriú glas an Aontais; á chur i bhfios go láidir go n-éilíonn téarnamh AE creat rialála cobhsaí agus dreasachtaí airgeadais a chruthú freisin do ghníomhaithe príobháideacha chun dul chun cinn atá dírithe ar an margadh a bhunú agus a áirithiú i dtreo taighde, nuálaíochta agus forbartha teicneolaíochtaí inbhuanaithe;

115. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an digitiú ar cheann de na príomhthosca is cúis le comhtháthú an chórais fuinnimh mar gur féidir leis sreafaí dinimiciúla idirnasctha na n-iompróirí fuinnimh a chumasú, go bhféadfar margaí níos ilchineálaí a idirnascadh, agus na sonraí is gá a chur ar fáil chun an soláthar agus an t-éileamh a mheaitseáil; á thabhairt chun suntais acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána a laghdú ar an gcaoi sin; á mheabhrú go measann an Coimisiún gurb ionann lorg comhshaoil TFC agus idir 5 % agus 9 % d'úsáid dhomhanda leictreachais agus os cionn 2 % d'astaíochtaí domhanda GCT; á chur i bhfáth, de réir staidéar a rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin in 2018 maidir leis an intleacht shaorga, go bhféadfadh idir 3 % agus 4 % de thomhaltas leictreachais iomlán an Aontais a bheith i gceist le hionaid sonraí agus tarchur sonraí; de bhrí go bhfuil an Coimisiún ag dréim leis go dtiocfaidh méadú 28 % ar thomhaltas lárionad sonraí idir 2018 agus 2030; de bhrí gurb é trealamh tomhaltóirí amhail ríomhairí, fóin chliste, táibléid agus réada nasctha eile is cúis le 47 % d'astaíochtaí digiteacha carbóin; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí bearta chun lorg carbóin na hearnála TFC a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a áirithiú, agus ag athdhearbhaíonn na sprice lárionaid sonraí a bheith aeráidneodrach agus an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de tráth nach déanaí ná 2030, mar a luaitear sa straitéis dhigiteach;

116. á mheabhrú a thábhachtaí atá rannchuidiú an taighde agus na nuálaíochta chun na spriocanna a leagtar amach i gComhaontú Pháras agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le taighde agus nuálaíocht agus buiséid AE agus na buiséid náisiúnta atá dírithe ar T&I i dteicneolaíochtaí fuinnimh inbhuanaithe agus sábháilte agus nuálaíocht a mhéadú ar an iomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar bhreis tacaíochta a thabhairt do theicneolaíochtaí agus do réitigh nuálacha a rannchuideoidh le córas comhtháite fuinnimh atá aeráid-díonach, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil ceannas

domhanda agus slabhraí luacha intíre ag an Eoraip; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh deighleoga lárnacha de shlabhraí luacha fuinnimh inathnuaite laistigh den Aontas chun na spriocanna aeráide a bhaint amach agus sochair shuntasacha eacnamaíocha a thabhairt do mhuintir na hEorpa, agus á iarraidh go ndéanfaí bearta leormhaithe chun tacú leis an ról atá ag ábhar atá bunaithe ar an Eoraip i slabhra soláthair na gcóras fuinnimh inathnuaite (RES) agus sa reachtaíocht;

***An t-athrú aeráide agus an fhorbairt***

117. á chreidiúint go dtugtar deis le COP26 iarrachtaí a athnuachan chun cuspóirí Chomhaontú Pháras agus SDGanna na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, go háirithe SDG 13 (Gníomhú ar son na hAeráide); á mheas nach mór Clár Oibre 2030 a bheith ina threochlár chun todhchaí níos glaise, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bhaint amach;

118. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cur chuige maidir le cearta an duine sa ghníomhaíocht ar son na haeráide chun a áirithiú go n-urramófar cearta an duine agus go dtacófar le cearta an duine i ngach beart;

119. ag tathant ar na Páirtithe in UNFCCC leanúint dá n-uaillmhian maolúcháin agus oiriúnaithe a mhéadú i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus chun an ghné a bhaineann le cearta an duine a chomhtháthú ina NDCanna agus ina gcumarsáid oiriúnaithe; á iarraidh ar Rúnaíocht UNFCCC treoirlínte a fhorbairt maidir le conas cosaintí chearta an duine a chomhtháthú in NDCanna agus i gcumarsáid oiriúnaithe i gcomhar le hArd-Choimisinéir NA um Chearta an Duine;

120. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoin lear mór fianaise gurb iad iarmhairtí an athraithe aeráide is cúis leis an ngéarú ar ghanntanas acmhainní ríthábhachtacha amhail talamh arúil, damáiste d'éiceachórais nó laghdú ar a slí bheatha, agus go méadaíonn siad minicíocht agus tromchúis tubaistí nádúrtha, agus ar an gcaoi sin, go ngníomhaíonn siad chun coinbhleachtaí, easáitiú daoine agus géarchéimeanna daonnúla a spreagadh;

121. á mheabhrú, de réir na Cúigiú Tuarascála Measúnachta ó IPCC, gur acmhainn mhór chun oiriúnú don athrú aeráide is ea foirmeacha dúchasacha, áitiúla agus traidisiúnta eolais; á chur in iúl gur oth léi, nach mbaintear úsáid éifeachtach as an eolas dúchasach, agus go bhfuil aitheantas sainráite do phobail dhúchasacha agus treibheacha, agus dá gcearta, fós ar díth i gcreataí dlíthiúla, beartais agus institiúideacha mórchuid tíortha, agus gur saincheist mhór fós é cur chun feidhme ceart;

122. á áitiú go gcaithfear ráthaíochtaí láidre maidir le maolú agus maidir le cearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil a chosaint a chur san áireamh i rialacha oibríochtúla an tSásra Forbartha Inbhuanaithe i ngach tionscadal faoin sásra sin; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as eolas na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil faoi chosaint an chomhshaoil agus a áirithiú go gcloisfear a nguthanna mar chuid d'iarrachtaí idirnáisiúnta maidir le gníomhú ar son na haeráide;

123. á iarraidh ar an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le comhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála a thabhairt i gcomhréir go hiomlán le Comhaontú Pháras agus a áirithiú nach gcuirfidh a chomhaontuithe trádála agus infheistíochta féin aon bhac ar chur chun feidhme Chomhaontú Pháras ná ar an méid a baineadh amach le

SDGanna na Náisiún Aontaithe ach go dtacóidh siad go hiomlán leo;

***Ról Pharlaimint na hEorpa***

124. á chreidiúint, ós rud é nach mór di a toiliú a thabhairt do chomhaontuithe idirnáisiúnta agus go bhfuil ról lárnach aici i gcur chun feidhme intíre Chomhaontú Pháras mar chomhreachtóir, gur cheart í a bheith mar dhlúthchuid de thoscaireacht AE; á áitiú, dá bhrí sin, go gceadófar di freastal ar chruinnithe comhordaithe an Aontais ag COP26 i nGlaschú agus rochtain ar na doiciméid ullmhúcháin uile a ráthú ón uair a thosóidh an chaibidlíocht;

°

° °

125. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, agus chuig Rúnaíocht UNFCCC, leis an iarraidh go scaipfí é ar gach Páirtí neamh-AE sa choinbhinsiún sin.